AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

BOIRD BHAINISTÍOCHTA NA SCOILEANNA NÁISIÚNTA

Comhdhéanamh na mBord agus Na Rialacha Imeachta

Féadfar aon fhiosrúcháin maidir leis an doiciméad seo a sheoladh chuig an seoladh thíos.

Rannóg Riaracháin Bunoideachais 2
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí

Teileafón (090) - 6483721,
6483722,
6483723,
6483724,
6483725
6484125

Samhain 2007

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

BOIRD BHAINISTÍOCHTA NA SCOILEANNA NÁISIÚNTA

Comhdhéanamh na mBord agus Na Rialacha Imeachta

Clár

1. Ginearálta 3
2. Sainmhínithe 4
3. Comhdhéanamh na mBord Bainistíochta 5
4. Nós imeachta do thoghadh agus d'ainmniú bhaill an Bhoird Bhainistíochta 6
5. An suíomh sa chás nach n-ainmnítear na baill sa bhreis mar atá foráilte faoi 3(a) (v) agus 3 (b) (iv) den cháipéis seo 7
6. Neamhincháilitheacht 7
7. Fadtéarma oifige, an Bord nó ball a cur as oifig, scor ballraíochta 8
8. Rúndacht 10
9. Cumarsáidí an Bhoird / trédhearcacht 10
10. An Cathaoirleach 11
11. An Rúnaí 12
12. An Cisteoir 12
13. Nós Imeachta do Chruinnithe Boird 14
14. Freagrachtaí an Bhoird don Phátrún, do na hIontaobhaithe agus don Roinn 16
15. Leas a nochtadh / ionracas imeachtaí an Bhoird 16
16. Comhfhreagras 17
17. Rochtain ar an scoil 18
18. Úsáid áitreabh na scoile 18
19. Airgeadas 18
20. Nósanna imeachta ceapacháin d'oidí / do Chúntóirí um Riachtanais Speisialta 22
21. Ceapachán fostaithe uile an Bhoird Bhainistíochta 22
22. An filleachán tuarastail (Riail 17 de Rialacha na Scoileanna Náisiúnta) 22
23. Córas Éilimh Ar-Líne do Bhunscoileanna 23

Aguisíní

AGUISÍN A

Nós imeachta chun duine a ainmniú / a roghnú a dhéanfar a ainmniú don Phátrún chun críche an duine sin a cheapadh mar oide-ionadaí

AGUISÍN B

Nósanna imeachta chun tuismitheoir(í) a ainmniú / a roghnú chun críche ceapacháin ag an bPátrún mar thuismitheoir-ionadaí(ionadaithe) ar an mBord

AGUISÍN C

Nós imeachta chun beirt bhall den chomhphobal a roghnú chun críche ceapacháin don Bhord Bainistíochta

AGUISÍN D

1. Nósanna imeachta ceapacháin le haghaidh oidí
2. Fógraí
3. An Bord Roghnaithe
4. Iarrataisí a mheas / gearrliostú
5. Agallaimh
6. Iarratasóirí a chur in eolas
7. Ceapacháin mar Phríomhoide nó mar Oide i scoileanna clochair agus mainistreach
8. Oidí sealadacha a cheapadh

AGUISÍN E

Nósanna imeachta ceapacháin le haghaidh Cuntóirí um Riachtanais Speisialta

AGUISÍN F

1. Dearbhú an Phátrúin - an Bord Bainistíochta a bheith bunaithe

Comhdhéanamh Na mBord Agus Na Rialacha Imeachta

1. Ginearálta

Feidhmíonn Scoileanna Náisiúnta faoin Acht Oideachais 1998, faoi reachtaíocht ábhartha eile agus faoi Rialacha na Scoileanna Náisiúnta, mar a fheidhmítear iad faoi láthair, ar a ndéanamh ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

Ról an Bhoird Bhainistíochta:

Deir mír 15 den Acht Oideachais 1998

"(1) Tá sé mar dhualgas ag an mBord an scoil a bhainistiú ar son an phátrúin agus chun leasa na mac léinn agus a gcuid tuismitheoirí agus chun oideachas iomchuí a sholáthar, nó a dheimhniú go soláthrófar a leithéid, do gach aon mhac léinn sa scoil a bhfuil an bord freagrach ina leith".

(2) Na feidhmeanna a bronnadh ar an mbord agus ar an scoil ag an Acht seo, déanfar iad a chur i gcrích

(a) de réir na ndúnghaoisí a chinnfear ag an Aire ó am go chéile

(b) sainmheon na scoile, a dhéanfar a chinneadh ag na traidisiúin agus na luachanna cultúrtha, oideachasúla, mórálta, reiligiúnacha, sóisialta, teangeolaíocha agus spioradálta a fhréamhaíonn agus atá mar saintréith d'aidhmeanna agus d'iompar na scoile a thacú agus a bheith freagrach don phátrún ina leith agus feidhmiú i gcónaí de réir Achta ar bith den Oireachtas a reachtaítear faoi sin nó ionstram, gníomhas, cairt, earraí Bainistíochta nó a leithéid d'ionstram eile a bhainfidh le bunú nó le feidhmiú na scoile.

(c) dul i gcomhairle leis an bpátrún agus é/ í a choinneáil in eolas maidir le cinte agus moltaí an Bhoird

(d) fógra a dhéanamh i slí iomchuí a mbeidh an bord, le aontú an pháthrúin, sásta leis maidir le dúnghaois na scoile i gcás chead dul isteach agus pháirt a glacadh sa scoil, dúnghaois na scoile san áireamh maidir le díbirt agus le tarraingt siar na mac léinn, maidir le cead dul isteach agus le páirt a glacadh ag mic léinn ar a bhfuil míchumas nó a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta eile ag cur as dóibh agus a dheimhniú maidir leis an dúnghaois sin go ngéilltear do phrionsabail chothroime agus cearta tuismitheoirí a gcuid páistí a chur go dtí scoileanna a thoghann siad agus a leithéid de threoracha a chuirfear i bhfeidhm ó am go céile ag an Aire agus iad bunaithe ar shainmheon na scoile agus ar chearta bunreachta gach aon duone i gceist a chur i bhfeidhm,

(e) trí mheas a bheith ar fáil ar na prionsabail agus ar na riachtanais a bhaineann le sochaí daonlathach agus ar éagsúlacht luachanna, creideanna, traidisiúin, teangacha agus slite maireachtála san sochai agus an meas sin a fhorbairt

(f) trí mheas a bheith ar fáil ar úsáid éifeachtach acmhainní (agus, ach go háirithe, úsáid éifeachtach maidir leis na deontais a sholáthraítear faoi *mhír* 12) spéis an phobail i ngnóthaí na scoile agus freagracht na mac léinn, a gcuid tuismitheoirí, an phátrúin, na foirne agus an chomhphobail atá faoi chúram na scoile, agus

(g) trí fheidhm a bhaint as na hacmhainni a sholáthraítear don scoil as an airgead a chuir an tOireachtas ar fáil agus foráil réasúnta agus oiriúnacht a dhéanamh do mhic léinn ar a bhfuil míchumas nó ar a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ag cur as dóibh, san áireamh, nuair is gá, áitreabh a athrú agus trealamh iomchuí a sholáthar

(3) Chun amhras ar bith a sheachaint níl rud ar bith san Acht seo a bhronnfaidh, nó a mheasfar a bhronnadh, cearta nó leas tairbhiúil ar bith ar an mBord i gcás talaimh nó foirgneamh na scoile a bhfuil an Bord freagrach asta

A shonrú: Leorchúiteamh le haghaidh Ball an Bhoird

Deir Mir 14(7) den Acht Oideachais 1998 "Ach amháin mar a bhfuil soláthraithe ag an Acht seo, ní dhéanfar gníomh ar bith a chur i leith bhall ar bith den Bhord i leith rud ar bith a dhéanfaidh an ball sin le hintinn mhaith agus de bhun an Achta seo nó de bhun rialachán ar bith déanta ag an Aire faoin Acht seo"

2. Sainmhínithe

(a) Is é an **Pátrún** an duine nó an dream daoine atá aitheanta mar a leithéid ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta mar a bhfuil sainithe ag Mír 8 den Acht Oideachais 1998. D'fhéadfadh an Pátrún an scoil a bhainistiú go pearsanta nó d'fhéadfadh sé/sí duine nó dream daoine oiriúnacha a ainmniú chun feidhmiú mar Bhainisteoir. Faoi réir forálacha na Míre 16 den Acht Oideachais 1998, is féidir leis an bPátrún dualgas Bainistíochta na scoile a ghlacadh go díreach arís ag am ar bith nó d'fhéadfaí bainisteoir eile a ainmniú

(b) Is iad na **hIontaobhaithe** na daoine a bheidh ainmnithe ag an bPátrún mar iontaobhaithe na scoile. Tá siad mar pháirtithe do léas an áitribh scoile. Geallann na hIontaobhaithe go leanfar ar an foirgnimh a úsáid mar scoil náisiúnta chomh fada is a bheidh an léas i bhfeidhm agus gealltar go mbeidh árachas áitribh agus ábhar i bhfeidhm i gcoinne tóiteáin agus stoirme.

I gcás Scoileanna Caitliceacha, tá an sealúchas agus an fiontar scoile i seilbh an Iontaobhais Deoisaigh i bhformhór na deoisí. I scoileanna i seilbh comhthionóil déantar na hIontaobhaithe a ainmniú go dlíthiúil mar a leithéid ag an gcomhthionóil reiligiúnach. I gcás scoileanna Clochair agus Mainistreach, tá siad i seilbh na hIontaobhaithe Comhthionóil, cé gurb é an tEaspag an Pátrún.

Ní chuireann ról an iontaobhaithe isteach ar chearta ná ar dhualgais an phátrúin scoile

(c) **Is é an Bord Bainistíochta / An Bainisteoir** an dream daoine nó an duine atá ceaptha ag an bPátrún agus atá aitheanta ag an Aire mar atá sainithe ag Mír 14 den Acht Oideachais 1998

(d) Cuimsíonn **"Tuismitheoir"** tuismitheoir altrama, caomhnóir a cheaptar faoi Achtanna na Leanaí um Chaomhnú 1964 go dtí 1997 nó duine eile atá ag feidhmiú in l*oco parentis* a bhfuil leanbh faoi a c(h)oimirce faoi réir cumhachta reachtúla nó ordaithe cúirte agus i gcás leanbh atá uchtaithe faoi na hAchtanna Uchtaithe 1952 go dtí 1998 nó sa chás go bhfuil an leanbh faoi uchtú lasmuigh den Stát, chiallaíonn sé an t-uchtaitheoir nó na huchtaitheoirí nó an t-uchtaitheoir beo.

(e) Ba chóir **Laethanta** mar atá sa cháipéis a ghlacadh mar laethanta féilire seachas laethanta 'scoile'.

3. Comhdhéanamh na mBord Bainistíochta

(a) I gcás scoileanna ag a bhfuil foireann aitheanta de bhreis ar aon oide amháin

(i) Beirt ainmnitheach dhíreacha de chuid an Phátrúin.

(ii) Beirt thuismitheoir leanaí atá ar rolla na scoile (duine acu ina máthair, an duine eile ina athair, tofa ag tuismitheoirí na leanaí atá ar rolla na scoile trí chéile).(A shonrú: Chun an ionadaíocht a bheith chomh leathan agus is féidir, agus más indeanta é, ba chóir na tuismitheoirí a bheith ó theaglaigh ar leith agus gan gaol ar bith a bheith acu le ball ar bith eile den Bhord)

(iii) An Príomhiide (nó an Príomhoide Gníomhach) den scoil.

(iv) Aon oide amháin eile ar fhoireann na scoile tofa ag vóta na foirne teagaisc, an Príomhoide san áireamh.

(v) Dhá chomhalta sa bhreis a bheidh molta ag na hainmnithigh sin a bhfuil cur síos orthu ag (i) - (iv), thuas, ag ghníomhú de réir an phróisis atá léirithe ag Aguisín C.

(b) I gcás scoileanna ag a bhfuil foireann aitheanta d'aon oide amháin:

(i) Aon ainmnitheach díreach de chuid an Phátrúin.

(ii) Priomhoide na scoile.

(iii) Aon tuismitheoir amháin tofa ó thuismitheoirí na ndaltaí cláraithe sa scoil a bheidh tofa ag an dream ginearálta de thuismitheoirí na ndaltaí cláraithe sa scoil. (A shonrú: Chun an ionadaíocht a bheith chomh leathan agus is féidir, agus más indéanta é, ní cóir go mbeadh gaol ar bith idir tuismitheoirí agus ball ar bith den bhfoireann ná den Bhord)

(iv) Aon bhall amháin sa bhreis molta ag na hainmnithigh sin a bhfuil cur síos orthu ag (i) - (iii), thuas, ag ghníomhú de réir an phróisis atá léirithe ag Aguisín C.

4. Nós imeachta do thoghadh agus d'ainmniú bhaill an Bhoird Bhainistíochta

(a) De réir na Míreanna 8 agus 14 den Acht Oideachais 1998, tá an Pátrún freagrach as na céimeanna riachtanacha a thionscnamh chun Bord Bainistíochta a bhunú i scoil Náisiúnta. Chuige sin, iarrann an Pátrún ar ionadaí socrú a dhéanamh do thoghcháin agus d'ainmniúcháin mar ata léirithe in Aguisíní A, B agus C.

(b) Ach amháin i dtosca speisialta le ceadú an Aire i scríbhinn nó i gcás ball oide den Bhord chomh fada is a bhaineann sé lena t(h)uarastal mar oide, ní ghlacfaidh ná ní bheidh aon bhall den Bhord Bainistíochta i seilbh leasa thairbhiúil in aon mhaoin a bheidh ag teacht nó a úsáidfear do ghnóthaí na scoile nó ní bhfaighidh sé / sí aon tuarastal as a c(h)uid seirbhísí mar bhall den Bhord. Príomhoide, áfach, a fhaigheann liúntas as ucht dualgas mar Rúnaí don Bhord Bainistíochta, bronnfar eisceacht air/uirthi sa chás ar leith de bharr an tuarastail a bheidh ag teacht dó/di le haghaidh na hoibre sin

(c) Déanfaidh ionadaí an Phátrúin socrú do chruinniú díobh sin a thoghfar / ainmneofar de réir na nósanna imeachta in Aguisíní A agus B. Beidh sé mar aidhm ag an gcruinniú sin aontú ar bha(i)ll sa bhreis a ainmniú mar atá léirithe in Aguisín C

(d) Cuirfidh ionadaí an Phátrúin ainmneacha na ndaoine a thoghfar / a ainmneofar go cuí de réir Aguisíní (a), (b) agus (c) den cháipéis seo in iúl don Phátrún.

(e) Ansin ceapfaidh an Pátrún an Bord Bainistíochta go foirmiúil.

(f) Ceapfaidh an Pátrún duine de na baill a bheidh ceaptha dá réir sin mar Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

(g) Cuirfidh an Pátrún ainm an Chathaoirligh in iúl don Aire **agus dearbhóidh sé/sí don Aire trí bhítin dhearbhú i scríbhinn atá faoi iamh ag Aguisín F** go gcomhlíonann ceapachán na mball na nósanna imeachta mar aon leis na riachtanais atá leagtha síos sa cháipéis seo. Sa chás a bheidh athrú ar an gCathaoirleach le linn fadtréimhse fheidhmiú an Bhoird, ba chóir don Phátrún a leithéid a chur in iúl don Aire.

(h) Ach amháin nuair a chuireann an tAire a mhalairt in iúl, laistigh de 10 lá ón eolas ag (g) a bheith faighte, measfar go mbeidh an Bord aitheanta ag an Aire agus rachaidh sé i mbun oifige láithreach bonn

(i) Ní foláir an chéad chruinniú den Bhord a thionól laistigh de mhí féilire ón dáta ar a mbeidh an Bord aitheanta ag an Aire.

5. An suíomh sa chás nach n-ainmnítear na baill sa bhreis mar atá foráilte faoi 3(a) (v) agus 3 (b) (iv) den cháipéis seo

Mura n-ainmnítear na baill sa bhreis mar atá foráilte faoin bpróiseas ag Aguisín C, rachaidh bainistíocht na scoile, faoi ghnáthshocruithe maoinithe, ar ais chuig an Phátrún agus féadfaidh sé/sí sin an scoil a bhainistiú nó bainisteoir a cheapadh ar feadh tréimhse chomh fada suas le sé mhí de réir Míre 16 den Acht Oideachais 1998, agus ag deireadh na tréimhse sin, mura mbeidh an cheist réitithe, féadfadh an tAire idirghabháil a dhéanamh go díreach nó go hindíreach chun na críche sin.

6. Neamhincháilitheacht

(a) Ní fhéadfar duine atá fostaithe ar ghnóthaí na scoile a cheapadh ar an mBord Bainistíochta ná ní fhéadfadh an duine sin a bheith ina bhall den Bhord Bainistíochta seachas an Príomhoide nó, má thagann sé i gceist, an t-ionadaí oide tofa

(b) Ní bheidh duine incháilithe le bheith ina bhall de Bhord:
(i) má bhíonn an duine sin ina fhéimheach neamhscaoilte, nó

(ii) má rinne an duine sin laistigh de na trí bliana díreach roimhe sin, faoi chosaint nó nós imeachta cúirte, imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe, nó

(iii) má ghearrann cúirt dlínse inniúla téarma priosúnachta ar an duine sin laistigh de na cúig bliana díreach roimhe, nó

(iv) má bhíonn an duine sin curtha ar chlár um Chiontóir Gnéis de thoradh ordú cúirte.

7. Fadtéarma oifige, an Bord nó ball a cur as oifig, scor ballraíochta

(a) Fadtéarma oifige, cur as oifig

(i) Ceithre bliana fadtéarma oifige a bheidh ag an mBord.

(ii) Beidh ball, an Cathaoirleach san áireamh, i seilbh oifige ar feadh fadtréimhse nach faide ná fadtéarma an Bhoird ach beidh an ball sin incháilithe ar athcheapadh

(iii) De réir an Achta Oideachais 1998 (Mír 16) feadfaidh an Pátrún, le toil an Aire, ball den Bhord a chur as oifig nó an Bord Bainistíochta a lánscor (Riail 14).

(iv) De réir an Achta Oideachais 1998 (Mír 17), féadfaidh an tAire Oideachais agus Eolaíochta a iarraidh ar na Pátrúin eagair a chur i gcrích chun an Bord a lánscor agus Bord nua a cheapadh agus a thoghadh nuair a theipeann ar an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh

(v) Roimh chinneadh a dhéanamh ball den Bhord a chur as oifig nó an Bord a lánscor, cuirfidh an Pátrún in iúl don bhall nó don Bhord sin go bhfuil sé ar intinn aige an cur as oifig a fheidhmiú mar aon leis na cúiseanna atá leis agus tabharfaidh sé deis don bhall nó don Bhord sin achainíocha a dhéanamh chuig an bPátrún ar an gceist.

(vi) Uair ar bith a dhéanfar Bord a lánscor ag an bPátrún, féadfaidh an Pátrún, faoi réir fhaomhadh an Aire, duine ar bith nó dream daoine ar bith, i dtuairim an Pháthrúin a bheith oiruiúnach, a cheapadh chun feidhmeanna na Bhoird a chomhlíonadh ar feadh fadtréimhse nach faide de ghnáth ná sé mhí.

(vii) Sa chás go gcuireann an Pátrún ball den Bhord as oifig, lionfar an folúntas a bheidh ann dá bharr sin de réir fhorálacha (c), thuas.

(b) Scor ballraíochta

Scoirfidh ball (an Cathaoirleach san áireamh) de bheith ina chomhalta den Bhord más rud é:

(i) go mbreithnítear ina fhéimeach é, nó

(ii) go ndéanann sé/sí faoi chosaint nó faoi nós imeachta cúirte imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe, nó

(iii) go ngearrtar téarma príosúnachta air/uirthi nó go lonnaítear é/í ar Chlár um Chiontóir Gnéis ag cúirt dlinse inniúla, nó

(iv) go scoireann an duine sin de bheith ian bhall den aicme daoine, a bhfuil foráil déanta dóibh in **Mír 3**, thuas, agus ar bhain an duine leis ag an am a ndearnadh ball den Bhord de/di (féach an Nóta thíos)

A shonrú: Tuismitheoir ar bith gan dalta cláraithe aige/aice sa scoil, scoirfidh an duine sin de bheith ina bhall den Bhord ach amháin i gcás tuismitheora linbh a mbeidh oideachas bunscoile slánaithe aige/aice ar 30 Meitheamhh sa bhliain ina dtéann fadtréimhse an Bhoird Bhainistíochta reatha in éag. Féadfaidh a leithéid de thuismitheoir fanacht ar an mBord go dtí deireadh fadtréimhse oifige an Bhoird fad is nach mbeidh an fadtréimhse sin níos faide ná cúig mhí san iomlán.

(c) Folúntais

(i) Sa chás:

go bhfaigheann ball den Bhord bás, nó

go n-éiríonn an duine sin as oifig trí fhógra i scríbhinn a chur i láthair an Chathaoirligh, nó

go mbíonn an duine sin as láthair ó thrí ghnáthchruinniú i ndiaidh a chéile den Bhord mura gceadaíonn an Bord an neamhláithreacht sin, nó

go scoireann an duine sin de bheith ina bhall den Bhord de thoradh (b), thuas, nó

go gcuireann an Pátrún as oifig é/í.

beidh ballraíocht an bhaill sin folamh agus líonfar í chomh luath agus is féidir tar éis don fholúntas tarlú trí bhall nua a cheapadh ar an mbealach céanna inar ceapadh an ball faoi deara an fholúntais.

(ii) An ball nua a cheaptar mar sin, beidh sé/sí i seilbh oifige d'fhuilíeach fadtéarma an bhaill faoi deara an fholúntais.

(iii) Athrú ar bith i mballraíocht an Bhoird, déanfar é a nótáil i miontuairiscí an chéad chruinnithe eile den Bhord.

8. Rúndacht

(a) Tá ar bhall ar bith den Bhord na hábhair a phléitear ag cruinniú a choinneáil faoi rún docht mura n-aontaíonn an Bord a mhalairt.

(b) Má tharlaíonn go gcuirtear i leith baill den Bhord gur rinneadh rúndacht a sceitheadh, ba chóir an gnó a chur i láthair an Phátruin chomh luath in Éirinn agus is féidir. Déanfaidh an Pátrún an gnó a iniúchadh agus tiocfaidh sé/sí ar réiteach ina thaobh.

(c) Sa chás go bhfuil an Pátrún sásta, tar éis fiosrúcháin chuí, gur sháraigh aon Bhall den Bhord an urghaire rúndachta seo, féadfaidh sé/sí faoi thoil an Aire an duine sin a chur as oifig de réir Míre 16 den Acht Oideachais 1998 agus ní ainmneoidh sé/sí an duine sin feasta mar bhall d'aon Bhord Bainistíochta

9. Cumarsáidi an Bhoird / trédhearcacht

(a) Mar dhea-chleachtas Bainistíochta ní mor cumarsáid a dhéanamh go minic le tuismitheoirí, leis an bhfoireann agus le comhphobal na scoile

(b) Bunóidh an Bord nósanna imeachta chun tacú le dea-chumarsáid laistigh de chomhphobal na scoile. Molann Mír 26(3) den Acht Oideachais 1998 gur chóir don Bhord " teagmháil a fhorbairt idir an scoil, tuismitheoirí na ndaltaí sa scoil sin agus an comhphobal agus maidir le cumann tuismitheoirí a bhunú sa scoil déanfar a leithéid a éascú agus a chabhrú i gcás na dtuismitheoirí a bheadh i gceist sa ghnó nuair a bheidh sé bunaithe".

(c) Cinnfidh an Bord ag críoch gach cruinnithe Boird an t-eolas atá le tabhairt do thuismitheoirí, d'oidí agus don chomhphobal scoile agus an bealach agus na téarmaí ina dtabharfar é. Na ceisteanna nach mór a bheith faoi rún do bhaill an Bhoird, ba chóir iad a shainaithint go soiléir agus na baill a chur ar a n-airdeall maidir leis na riachtanais rúndachta faoi mhír 8, thuas.

A Nótáil: Agus é ag údarú scaipeadh eolais faoi (c), thuas, leanfaidh an Bord dúnghaois oscailteach agus beidh cur chuige dearfach aige i leith eolas a roinnt le comhphobal na scoile. Ní gá go mbeadh forálacha **8(a)** maidir le rúndachta gcoimhlint le feidhmiú a leithéid de dhúnghaois; tá sé i gceist go mbeadh **8** thuas ina chosaint in aghaidh eolas a nochtadh go míchuí seachas bac a chur ar dhea-chumarsáid agus trédhearcacht.

10. An Cathaoirleach

(a) Beidh Cathaoirleach ag gach Bord Bainistíochta. Beidh sé i dteideal vótála agus i gcás comhvóta, beidh vóta réitigh aige/ aice, freisin.

(b) Ceapfaidh an Pátrún an Cathaoirleach agus díorthóidh a (h)údarás ón gceapachán sin. Agus é ag feidhmiú mar Phátrún glacfaidh sé an chaoi an próiseas comhairleach a dhéanamh leis an gcomhphobal fairsinge scoile. Agus duine á cheapadh aige mar Chathaoirleach, is féidir leis an bPátrún machnamh a dhéanamh ar choimhlint spéise d'fhéadfadh tarlú sa phost mar Chathaoirleach.

(c) Ní fhéadfar an Príomhoide ná ionadaí tofa oide a cheapadh mar Chathaoirleach. Ina theannta sin, ní cóir go mbeadh gaol díreach ar bith (más indeanta é) ag an gCathaoirleach le ball foirne nó le ball boird ar bith láithreach.

(d) Má bhíonn an Cathaoirleach as láthair ó chruinniú áirithe, toghfaidh an Bord Cathaoirleach le bheith i gceannas an chruinnithe sin. Ceapfaidh an Pátrún Cathaoirleach Gníomhach más gá (i.e. de bharr neamhláithreachta fadtéarma an Chathaoirligh).

(e) Féadfaidh an Bord údarás a thabhairt don Chathaoirleach agus / nó do bhall eile ó thaobh feidhme nó feidhmeanna ar leith, ghníomhú ar a shon ar feadh fadtréimhse sonraithe ama.

(f) Tabharfaidh an Bord údarás don Chathaoirleach ghníomhú ar son an Bhoird agus comhaontú á dhéanamh le gach oide nua a cheapfar ar fhoireann na scoile (i gcás na foirne teagaisc, tagraíonn Riail 18 (2) de na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta do a leithéid).

(g) Gníomhóidh an Cathaoirleach nó an Príomhoide (le cead an Chathaoirligh) ar son an Bhoird agus é/í ag dheimhniú filleacháin na scoile agus foirmeacha Oifigiúla eile mar is gá (tagraíonn Riail 17 de na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta do a leithéid).

(h) Deir na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta gur ceart do bhainisteoirí cuairt a thabhairt ar a gcuid scoileanna agus iad féin a shásamh go bhfuil na rialacha á gcomhlíonadh; comhlíonfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta an riachtanas seo. Is féidir le baill an Bhoird cuairt a thabhairt ar a gcuid scoileanna freisin; ní cóir a leithéid de chuairteanna a thabhairt, áfach, ach amháin sa chás go mbeidh gnó Oifigiúil an Bhoird ar siúl agus a bheith ceadaithe ag Cathaoirleach an Bhoird.

11. An Rúnaí

Sna tosca, áit a bhfuil an Príomhoide ag feidhmiú mar Rúnaí don Bhord Bainistíochta agus a bhfuil liúntas á fháil aige/aice mar Rúnaí don Bhord sin, ní bheidh an riachtanas ann Rúnaí Taifeadta a cheapadh. Na dualgais a bhaineann le Príomhoide mar Rúnaí do Bhoird Bhainistíochta, tá siad léirithe in Imlitir 0079/2007.

Sna tosca, áfach, nuair *nach nglacann* Príomhoide na scoile an liúntas atá iníoctha as ucht a bheith ag feidhmiú mar Rúnaí don Bhord Bainistíochta;

(a) Toghfaidh an Bord Rúnaí Taifeadta óna chuid ball.

(b) Beidh se mar dhualgas ag an Rúnaí Taifeadta:

(i) Miontuairiscí a choinneáil de gach cruinniú i bhfoirm chuí, iad a choinnneáil in áit shábháilte agus iad a bheith ar fáil ar iarratas d'ionadaithe an Phátrúin, do na hiontaobhaithe agus don Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

(ii) An clár a leagadh amach do chruinnithe i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird agus leis an bPríomhoide.

(iii) Cinntí a dhéantar ag cruinnithe a thaifeadadh lena n-áirítear an líon a rinne vótáil ar son nó ar aghaidh rúin.

12. An Cisteoir (féach 19, freisin)

(a) Toghfaidh an Bord Cisteoir óna chuid ball. Ba chóir go mbeadh an Cisteoir eolach faoi riachtanais Míre 18 den Acht Oideachais 1998.

(b) Coinneoidh an Cisteoir cunta(i)s na scoile. Beidh córas sásúil cuntasaíochta ag brath ar mhéidh na scoile agus ar éagsúlacht a cuid gníomhaíochtai. Tá fíoraí ríomhairithe, áfach, de chóras eifeachtúil cuntasaíochta ar fáil, ach é a iarraidh ó Rannóg Riaracháin Bunoideachais 2, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Cor na Madadh, Co. na hIarmhí agus ar fáil, freisin, ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

(c) **Cuirfear gach airgead a gheofar i dtaisce i gcunta(i)s bainc na scoile**.
Déanfar gach íocaíocht le seic nó trí sheirbhisí bainc ar-líne. Ní mór gach beart a údarú ag beirt nó triúr sínitheoir a bheidh ainmnithe ag an mBord, duine díobh an Cathaoirleach agus an duine eile an Cisteoir i dtús báire. Féadfaidh an Cathaoirleach, áfach, ball den Bhord a ainmniú mar shínitheoir nuair a bheidh sé/sí as láthair. Más indéanta é ba chóir go mbeadh an bheirt shínitheoir as dreamanna ionadaíochta éagsúla den Bhord, iad ainmnithe ag an mbord chuige sin. Ba chóir don Bhord é féin a shásamh go bhfuil smachtanna sásúla i bhfeidhm do na seirbhísí bainc ar-líne agus go gcoimeádtar gach gnáththaifead i gceart agus i gcóir maidir le gach beart ar-líne.

Tá raon de mhodhanna iocaíochta ar fáil do na boird ina n-áirítear seic, dochar díreach, giro bainc, aistriú creidmheasa etc. Ba chóir do na Boird an modh íocaíochta is éifeachtúla a chur trí chéile lena gcuid banc.

Is féidir cuntas mionairgid a fheidhmiú. Íocfaidh an Bord mionairgead do na baill chun íoc as costais agus iad ar ghnó oifigiúil e.g. postas, táillí teileafóin agus míreanna eile beaga. Féadfaidh sé coinníollacha, ar mian leis, a leagadh síos maidir le monairgeadh a íoc. Ba cheart gach cuntas agus taifead cóir agus gnáth a choinneáil.

(d) Cuirfidh an Cisteoir ráiteas cothrom le dáta ar chuntais na scoile i láthair ag gach cruinniú ina dtabharfar mionsonraí ioncaim agus caiteachais ón gcruinniú roimhe sin.

(e) Coinneoidh an Cisteoir dearbháin chaiteachais le haghaidh scrúdaithe agus iniúchta ag cuntasóir na scoile agus ag oifigigh na Roinne. Déanfar gach aon cháipéis airgeadais a chur i láthair an Bhoird Bhainistíochta agus má iarrtar a leithéid d'ionadaithe an Phátrúin, do na hiontaobhaithe agus don Roinn ag deireadh na bliana airgeadais.

13. Nós Imeachta do Chruinnithe Boird

(a) Minicíocht na gCruinnithe

Tionólfaidh Bord na cruinnithe sin agus an oiread cruinnithe ag na hamanna sin a mheasfaidh an Cathaoirleach a bheith riachtanach ach tionólfar ar a laghhad aon chruinniú amháin in aghaidh an téarma scoile agus ní thionólfar níos lú ná cúig chruinniú in aon scoilbhliain ar bith.

(b) An Chéad Chruinniú

(i) Ag an gcéad chruinniú den Bhord nó roimhe, síneoidh gach ball den Bhord sin dearbhú ag glacadh le ballraíocht ar an mBord agus ag geallúint go gcomhlíonfar na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta, na nósanna imeachta comhaontaithe agus reachtú ábharthach, le cur isteach i miontuairiscí an Bhoird agus, go dtí go mbíonn sé sin déanta, ní bheidh sé /sí i dteideal ghníomhú mar bhall an Bhoird.

(ii) Más gá, toghfaidh an Bord Rúnaí Taifeadta óna gcuid ball de réir Míre 11 den cháipéis seo. Toghfaidh an Bord, freisin, Cisteoir óna gcuid ball de réir Míre 12.

(c) Gnáthchruinnithe

(i) Féadfaidh an Cathaoirleach cruinniú den Bhord a thionól tráth ar bith.

(ii) Seacht lá ar a laghad roimh gach chruinniú. cuirfear fógra faoi am agus ionad an chruinnithe atá beartaithe mar aon le clár don chruinniú chuig gach ball den Bhord. Ba chóir go mbeadh sé soiléir go bhfuil gach ball den Bhord i dteideal fógra a fháil maidir le gach cruinniú – cruinnithe san áireamh nuair a bheidh ceisteanna ar an gclár a bhainfidh le ball aonair go díreach agus go mbeadh ar an mball ina dhiaidh sin imeacht ón gcruinniú, nó gan teacht chuige, más d'aon gnó a tionóladh é. Más gá é de bharr tosca eisceachtúla, féadfar cruinniú den Bhord a thionól ar fhógra níos lú ná seacht lá agus ba cheart é sin a thaifeadadh sna miontuairiscí.

(iii) Triúr ball a bheidh mar chóram ag an mBord i gcás scoile aon-oide agus cúigear ball i gcás gach scoil eile.

(iv) Faoi reir **(c) (iii)**, thuas, féadfaidh Bord a ghníomhú in ainneoin aon fholúntais amháin nó níos mó i measc na mball

(v) Ní bheidh imeachtaí an Bhoird neamhbhailí de bharr aon locht a bheith i gceapadh nó i gcáilíochtaí baill ar bith den Bhord.

(vi) Nuair a chuirfear ceist ar vóta, déanfar cinneadh faoi le tromlach vótaí na mball a bheidh i láthair agus a rinne vótáil ina leith agus sa chás go mbeidh na vótaí roinnte go cothrom, féadfaidh an Cathaoirleach an dara vóta nó vóta réitigh a chaitheamh. Déanfar taifeadadh ar líon na mball a chaith vóta ar son an rúin agus ina aghaidh.

(vii) Déanfar taifeadadh ar mhiontuairiscí imeachta an Bhoird i bhfoirm chuí agus síneoidh Cathaoirleach an chruinnithe, ar a bhfuil siad mar thaifead, iad, nó Cathaoirleach an chéad chruinnithe eile. Is sealúchas de chuid an Bhoird iad na miontuairiscí agus beidh siad ar fáil ar iarratas d'ionadaithe an Phátrúin, na nIontaobhaithe agus na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

(d) Cruinnithe ar iarratas

(i) Má fhaightear iarratas sínithe ag ar a laghad aon cheathrú de bhaill an Bhoird móide a haon, nó iarratas ón bPátrún agus é ráite san iarratas sin cad é an gnó atá le déanamh, tionólfaidh an Cathaoirleach cruinniú speisialta den Bhord laistigh de sheacht lá agus ní dhéileálfar le haon ghnó seachas an gnó atá sonraithe sa bhfógra ag an gcruinniú speisialta sin.

(ii) Sa chás nach dtionólfaidh an Cathaoirleach cruinniú laistigh de sheacht lá, glaofaidh an Pátrún nó duine dena baill, a d'iarr an cruinniú, an cruinniú sin.

(e) Cruinnithe éigeandála

(i) Beidh sé de chumhacht ag an bPríomhoide, le cead an Chathaoirligh, cruinniú speisialta éigeandála den Bhord Bainistíochta a thionól, más rud é go mbíonn gá leis.

(ii) Tionólfar an cruinniú seo chomh luath agus is féidir tar éis fógra faoina leithéid de chruinniú a bheith tugtha do na baill ar fad a bhfuil fáil orthu.

(iii) Beidh an gnáthchóram riachtanach.

14. Freagrachtaí an Bhoird don Phátrún, do na hIontaobhaithe agus don Roinn

Tabharfaidh an Bord a leithéid de thuairiscí agus d'filleacháin don Bhord, do na hiontaobhaithe agus don Roinn, a fhéadfadh a bheadh uathu, chun a bhfeidhmeanna éagsúla i leith na scoile a chomhlíonadh.

Ba chóir gach beart ar-líne a chuimsiú ina leithéid de thuairiscí.

15. Leas a nochtadh / ionrachas imeachtaí an Bhoird

(a) Ball den Bhord, an Cathaoirleach san áireamh, a bhfuil aon leas aige/aice in aon chomhlacht nó gnólacht lena mbeartaíonn an Bord aon chonradh a dhéanamh nó aon leas in aon chonradh a bheartaíonn an Bord a dhéanamh, nochtfaidh sé/sí don Bhord go bhfuil an leas sin aige/aice agus cad é a leas é agus ní ghlacfaidh sé/sí páirt in aon phlé ag an mBord maidir leis an gconradh agus déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an Bhoird.

(b) Ball den Bhord a bhfuil gaol aige/aice le duine atá ina iarrthóir ar ceapachán ag an mBord mar oide nó mar bhall eile d'fhoireann na scoile, an Príomhoide san áireamh, nochtfaidh sé/sí don Bhord go bhfuil an gaol sin ann agus cad é an gaol é agus ní ghlacfaidh sé/sí in aon phlé nó cinneadh ag an mBord maidir leis an gcaeapachán agus déanfar an nochtadh agus an cinneadh a thaifeadadh i miontuairiscí an Bhoird. Sa chomhthéacs sin ní foláir do bhaill an Bhoird nochtadh a dhéanamh, ní amháin i gcás gaoil teaghlaigh ach i leith aon ghaol a bhfeadfaí a mheas ina leith é a bheith dochrach don neamhclaontacht iomlán sa phróiseas roghnaithe.

(c) Más rud é go mbíonn gaol ag aon bhall den Bhord le haon duine (e.g. dalta nó oide) atá mar ábhar nó a bhfuil baint dhíreach aige/aice le ceist atá os comhair an Bhoird le breithniú, nochtfaith an ball sin don Bhord go bhfuil an gaol sin ann agus cad é an gaol é. Mura mbeidh an Bord lánsásta nach bhfuil an gaol atá i gceist dochrach do chaomhnú phrionsabal an cheartais aiceanta agus go sonrach an riachtanas dlí nár ceart go bhfeadfaí claontacht a chur i leith imeachtaí an Bhoird, ansin ní ghlacfaidh an ball sin aon pháirt i bplé an Bhoird ar an gceist agus déanfar nochtadh agus neamhláithreacht an bhaill a thaifeadadh sna miontuairiscí. Sa chomhthéacs seo, ní foláir do bhall an Bhoird nochtadh a dhéanamh, ní amháin i gcás gaol teaghlaigh, ach i leith aon ghaol a bhféadfaí a mheas go mbeadh sé dochrach do neamhchlaontacht iomlán i bplé an Bhoird.

(d) Más rud é go mbíonn ball ar bith den Bhord gafa go pearsanta in ábhar ceiste atá os comhair an Bhoird le breithniú, tarraingeoidh an ball sin siar ó phlé an Bhoird ar an gceist mura mbeidh an Bord lán sásta nach mbeidh láithreacht an bhaill le linn an phlé mar sin dochrach do chaomhnú phrionsabal an cheartais aiceanta agus go sonrach an riachtanas dlí nár ceart go bhfeadfaí claontacht a chur i leith imeachtaí an Bhoird. Déanfar neamhláithreacht an bhaill ón phlé a thaifeadadh sna miontuairiscí. Ba chóir na forálacha atá léirithe i Mír 13(c) (ii) maidir le fógra a thabhairt do bhaill, i gcás cruinnithe an Bhoird, a comhlíonadh sa chás seo.

(e) Má bhíonn an Pátrún sásta tar éis fiosrúcháin chuí agus tar éis moladh a bheith faighte aige ón mBord gur theip ar aon bhall den Bhord gaol a nochtadh, ag am ábhartha, cuirfidh sé/sí ballraíocht an bhaill sin ar ceal de réir Míre 16 den Acht Oideachais 1998 agus ní cheapfaidh sé/sí an duine sin ina dhiaidh sin mar bhall d'aon Bhord Bainistíochta

(f) I gcás go ndiúltaíonn ball den Bhord tarraingt siar as cruinniú, mar atá leagtha síos san alt seo, cuirfidh an Cathaoirleach an cruinniú ar athló agus sa chás go ndiúltaíonn an ball sin tarraingt siar arís ag an gcruinniú ationólta, tabharfaidh an Cathaoirleach tuairisc i scríbhinn don Phátrún faoin gceist agus cuirfidh seisean/sise ballraíocht an bhaill sin ar ceal de réir Míre 16 den Acht Oideachais 1998 agus ní cheapfaidh sé/sí an duine sin ina dhiaidh sin mar bhall d'aon Bhord Bainistíochta.

16. Comhfhreagras

(a) Feidhmeoidh an Cathaoirleach mar chomhfhreagraí don Bhord leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus le gníomhairí eile. Féadfaidh an Cathaoirleach, áfach, an Príomhoide a ainmniú, mas gá, mar chomhfhreagraí agus an Cathaoirleach as láthair.

(b) Ní dhéanfaidh aon bhall den Bhord uiríoll ná ní chuirfiadh sé/sí faoi deara uiríoll a dhéanamh chuig an Aire nó chuig an Roinn maidir le gnó an Bhoird gan an cheist a bheith pléite ag cruinniú de chuid an Bhoird agus údarás a bheith faighte aige/aice ón mBord chun a leithéid a dhéanamh ar a shon.

17. Rochtain ar an scoil

Forálann Míreanna 13 agus 18 den Acht Oideachais 1998 gur cóir rochtain iomlán ar na scoileanna a thabhairt don Chigireacht agus d'oifigigh eile na Roinne gafa i gcigireacht scoileanna. Ina theannta sin, forálann Riail 11 de na Rialacha le haghaidh Údaráis Scoileanna Náisiúnta go bhfeadfadh "an tAire agus daoine a bheadh údaraithe aige/aice cuairt a thabhairt ar na scoileanna agus iad a scrúdú aon uair is cuí leo." Beidh an ceart rochtana céanna ag an bPátrún agus a c(h)uid ionadaithe. Is féidir leis na hIontaobhaithe agus a gcuid ionadaithe cuairt a thabhairt ar an láthair scoile agus na foirgnimh, mar is cuí, am ar bith agus scrúdú a dhéanamh orthu.

18. Úsáid áitreabh na scoile

Sa bhliain 2005 d'eisigh an Roinn Imlitir Bhunoideachais 16/05 chuig gach Bord Bainistíochta maidir le saoráidí a roinnt leis an gComhphobal. Is é an aidhm a bhí leis an imlitir sin ná chun Iontaobhaithe agus Boird Bhainistíochta a ghríosadh chun dianmhachnamh a dhéanamh ar a leithéid d'iarratais, más indéanta in aon chor. Agus na hIontaobhaithe mar aon leis na Boird á spreagadh chun an riachtanas seo a chur san áireamh go tógálach, tuigeann an Roinn go maith go bhfanann an cinneadh sin i ndeireadh thiar leis an mBord nó leis na hIontaobhaithe cuí agus gurb é an chéad tosaíocht i gcónaí ná leas na scoile, na n-oidí agus na ndaltaí.

Ba chóir do na Boird Bhainistíochta iad féin a chur in eolas maidir le hábhar na hImlitreach sin atá le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie

Ba chóir a shonrú nach mór cead an Aire Oideachais agus Eolaíochta a bheith faighte roimh ré chun áitreabh na scoile a úsáid le linn an lae scoile le haghaidh cuspóiri seachas gnó rialta scoile.

19. Airgeadas

(a) Caiteachas caipitiúil agus oibreacha

(i) Ní rachaidh an Bord i mbun aon athchóiriú, leathnú nó atógáil ar fhoirgneamh nó ar thailte na scoile mura mbeadh agus go dtí go mbeadh sé sin faofa i scríbhinn ag an bPátrún agus na hIontaobhaithe.

(ii) Chomh maith leis na bhfaomhadh atá riachtanach faoi (i), thuas, níor cheart dul i mbun caiteachais chaipitiúil, a mbeifear ag lorg cúnaimh deontais chuige, go dtí go bhfaighfear cead i scríbhinn roimh ré ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

(iii) Caithfidh Boird cloí leis na rialacháin tógála reatha mar aon leis na rialacháin phleanála.

(iv) Ní chuirfidh aon ní san alt seo cosc ar an mBord dul i mbun mionoibreacha atá cuimsithe ag Imlitir 0141/2006 ("Scéim Deontais do Mhionoibreacha ar Shealúchais Scoileanna Náisiúnta"). Má táthar in amhras faoi théarmaí na hImlitreach sin, ba cheart don Bhord dul i gcomhairle leis an Aonad Tógala sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

(v) Feadfaidh an Pátrún an Cathaoirleach nó ball den Bhord a ainmniú le feidhmiú ar son na hIontaobhaithe ag déileáil leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le costais chaipitiúla. Ní mór an t-ainmniú sin a dhéanamh i scríbhinn.

(b) Caipitíocht

(i) Úsáidfear deontais chaipitíochta i gcomhair costais oibriúcháin mar théamh, mar ghlanadh, mar shoilsiú, mar ábhair teagaisc a ceannach chomh maith le áitreabh agus tailte na scoile a chothabháil.

(ii) Déanfaidh gach Bord, i gcomhairle leis an bPríomhoide, socrú chun dáileadh a dhéanamh go bliantúil ar shuim airgid ón ndeontas caipitíochta le haghaidh riachtanas seomraí ranga.

(c) Íocaíochtaí na nDeontas

Is don ghnó amháin ar cuireadh ar fáil iad a dhéanfar gach deontas Stáit on Roinn a úsáid.

Eisíonn an Roinn sceideal d'íocaíochtaí deontais go mbeidh súil leo ag tús gach aon bhliain agus ráitis sa bhreis go rialta ina dhiaidh sin chun na híocaíochtaí deontais a dhearbhú, a eisíodh le linn na scoilbhliana. Seoltar na ráitis sin chuig an gCathaoirleach agus an Príomhoide de gach scoil agus ba chóir iad a choinneáil go cúramach chun críche cuntasaíochta agus buiséadaithe. Ba chóir go mbeadh cóipeanna de na ráitis sin ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta agus do Chumann na dTuismitheoirí.

(d) Árachas

(i) Go ginearálta, tá sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta (tiomnaithe ag na hIontaobhaithe) chumhdach cuimsitheach árachais a bhaint amach don scoil. I gcás scoileanna Caitliceacha tá sé mar dhualgas ar na hIontaobhaithe i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta árachas a bhaint amach ar shealúchas na scoileanna.

(ii) Cinnteoidh an Bord go gcuirfear i gcrích agus go gcoinneofar na hárachais sin ar fad a bheadh riachtanach chun an scoil, an Bord agus na hIontaobhaithe a chosaint in aghaidh gach dliteanas poiblí agus in aghaidh gach iarmhairtí faillí ó thaobh aon duine a bheadh fostaithe ag an mBord nó aon seirbhíseach nó gníomhaire de chuid an Bhoird nó aon locht i bhfoirgnimh , in áitreabh, feistis nó trealamh na scoile as a bhféadfadh caillteanas nó damáiste tarlú d'aon duine in áitreabh na scoile nó air.

(iii) Is mar seo a leanas atá an scéal i gcás scoileanna atá ag feidhmiú in áitreabh gur leis an Aire iad:

Léas, a dhéanfar a fhorghníomhú idir an Aire Oideachais & Eolaíochta agus an Pátrún scoile ábhartha, táthar chun é a bhunú do scoileanna atá ag feidhmiú in áitreabh gur leis an Aire iad. Faoi théarmai an léasa sin, beidh ar scoileanna Dlíteanas Poiblí agus Dlíteanas Fostóra a bhaint amach ach ní bheidh orthu chumhdach foirgnimh a bhaint amach. Déanfar na foirgnimh a chumhdach ag slánaíocht Stáit.

Déanfar an léas a chur in áit ar bhonn céimnithe, ag tosú le scoileanna a bheidh ag dul i mbun oibre sa scoilbhliain 2007/8 in áitreabh gur leis an Aire iad. Ina dhiaidh sin, cuirfear na Léasanna i bhfeidhm i scoileanna atá ag obair cheana féin in áitreabh gur leis an Aire iad. Tá sé i gceist na Léasanna a bheith in áit ina leithéid de scoileanna chomh luath agus is féidir agus é sin a bheith indéanta. Go dtí go mbeidh an Léas i bhfeidhm idir an Aire agus an Pátrún ábhartha, beidh ar scoileanna ag obair in áitreabh, gur leis an Aire iad, chumhdach sasúil forgneamh a bheith in áit chomh maith le árachas um Dlíteanas Poiblí agus Dlíteanas Fostóra.

(iv) Beidh an dúnghaois árachais ar fáil lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara.

(e) Cleachtadh cuntasaíochta

Beidh córas cuntasaíochta sách oiriúnach ag brath ar mhéid na scoile agus ar éagsúlacht a cuid gníomhaíochtaí. Tá fíoraí ríomhairithe, áfach, de chóras éifeachtúil cuntasaíochta ar fáil, ach é a iarraidh ó Rannóg Riaracháin Bunoideachais 2, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Cor na Madadh, Co. na hIarmhí agus ar fáil, freisin, ar láithreán gréasain na Roinne ag www.education.ie.

Is féidir le Boird feidhm, freisin, a bhaint as córais bhaincéireachta ar-líne ach ní mór den Bhord, áfach, é féin a shásamh go bhfuil smachtanna inmheánacha cearta i bhfeidhm chun seirbhísi baincéireachta a úsáid ar-líne agus go gcoimeádtar tuairisc ar gach gnáthchuntas cóir i leith gach birt (Féach Mír 12, thuas).

(i) Ní foláir gach uile caiteachas ag nó ar son an Bhoird a bheith faofa ag an mBord. Ní foláir cuntas agus taifid a choinneáil de réir Alt 18 den Acht Oideachais 1998

(ii) Ullmhófar cuntas iomlán ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird ag deireadh gach scoilbhliana a bheidh iniúchta nó deimhnithe i gceart de réir an chleachtaidh chuntasaíochta is fearr. Ba cheart an cuntas seo a chur ar fáil do chomhphobal na scoile, don Phátrún, ach iarratas a fháil, chuig an Aire. Ba cheart go mbeadh mionsonraí ar na cuntais ar fad, a bheadh coinnithe ar leithligh ag a mBord chun téarmaí scéimeanna deontais ar leith a comhlíonadh, corpraithe sa chuntas sin.

(iii) Bronnfar cóipeanna den chuntas sin, a dtagraítear dó ag (ii), thuas, ar bhaill an Bhoird agus coinneofar cóip den chuntas sin mar chuid de mhiontuairiscí an Bhoird Bhainistíochta.

(iv) Beidh cuntas na scoile ar fáil, freisin, lena iniúchadh ag oifigigh de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta mar aon le feidhmeannaigh de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, má iarrtar iad.

(v) Ní mór gach beart de chuid cuntais na scoile a bheith sínithe ag an gCathaoirleach **agus** ag an gCisteoir. Is féidir leis an gCathaoirleach, áfach, ball an Bhoird a ainmniú chun feidhmiú mar shínitheoir agus é/í as láthair, mar atá léirithe ag 12(c), thuas.

I gcás scoileanna a bhaineann feidhm as baincéireacht ar-líne, féach Mír 12(c), thuas

(f) Buiséadú

(i) Ba cheart do Bhoird Bhainistíochta buiseadú a dhéanamh i mbealach a chuirfeadh ar a gcumas íocaíochtaí a dhéanamh a fhéadfadh a bheith mór go leor ach nár dtarlaíonn ach ó am go chéile.

(ii) Níor cheart go mbeadh caiteachas na mBord níos mó ná a n-ioncam bliantúil.

(iii) Ní foláir rótharraingt nó cineálacha eile fiacha nó farasbairr chaiteachais thar ioncam a bheith faofa ag an bPátrún, chomh maith ag na hIontaobhaithe nuair is gá, agus ba cheart iad a sheachaint ach amháin ar feadh tréimhse theoranta agus nuair a bheidh an Bord sásta go mbeidh an Bord in ann an rótharraingt nó na fiacha a ghlanadh.

(iv) Ag tús a bhliana airgeasdais, ceapfaidh agus glacfaidh an Bord le buiséad don bhliain.

(v) Ba cheart go mbeadh sholáthar in áireamh sa bhuiséad sin le haghaidh gach uile mhír ábhartha chaiteachais mar árachas, riachtanais seomra ranga a ceannach, costais chothabhála etc.

(vi) Féadfaidh an Bord Bainistíochta Fochoiste Airgeadais a bhunú le feidhmiú faoi údarás an Bhoird.

(vii) Ní foláir cead an Bhoird Bhainistíochta a bheith faighte roimh ré le airgead a thiomsú in ainm na scoile. Ba chóir Chumann Tuismitheoirí dul i gcomhairle leis an mBord maidir le airgead a thiomsú don scoil le haghaidh tionscadal scoile. Beidh ceadú an Bhoird riachtanach roimh dul i mbun na gcistí seo a bhailiú. Beidh an Bord Bainistíochta, i gcomhairle le cumann na dtuismitheoirí, freagrach as na cistí seo a chaitheamh. Ba chóir gach airgeadas a ghintear don tionscadal aontaithe le haghaidh na scoile a chur i dtaisce sa chuntas scoile.

20. Nósanna imeachta ceapacháin d'oidí / do Chúntóiri um Riachtanais Speisialta

Tá na nósanna imeachta do cheapachán oidí leagtha amach in Aguisín D.

Tá na nósanna imeachta do cheapachán Cúntóiri um Riachtanais Speisialta leagtha amach in Aguisín E.

21. Ceapachán fostaithe uile an Bhoird Bhainistíochta

Cuirtear i gcuimhne den Bhord go bhfuil sé de dhualgas air cloí le reachtaíocht reatha agus le Imlitreacha uile na Roinne, iniúchadh na bhfostaithe san áireamh, a bhfuil feidhm reatha leo i gcás ceapachán.

22.An filleacháin tuarastail (Riail 17 de Rialacha na Scoileanna Náisiúnta)

Ní foláir an filleacháin scoile, a sholáthraítear i dtaca le héileamh iocaíochta tuarastal a bheith scrúdaithe agus deimhnithe ag an gCathaoirleach agus ní foláir an dheimhniú atá priontáilte ar an bhfilleachán a bheith sínithe ag an gCathaoirleach, gan athrú, mar choinníoll íocaíochta tuarastal.

Sa chás go gcuirfí moill ar íocaíocht tuarastail d'oide toisc gan an Cathaoirleach a bheith in ann an filleachán scoile a shíniú, ní foláir an filleacháin a bheith deimhnithe ag ball den Bhord, seachas ball-oide, arna ainmniú ag an mBord chuige sin.

Tabharfaidh an Bord fógra don Roinn, chomh fada roimh ré agus is féidir, ar an bhfoirm chuí faoi gach uile athrú oidí a bheidh beartaithe.

23 Córas Éilimh Ar-Líne do Bhunscoileanna

Tá Córas Éilimh Ar-Líne (C.E.A.L.) curtha ar bun ó 16 Márta 2007 ag an Roinn. Beidh se á fheidhmiú ag gach bunscoil sar i bhfad.

Is mórfhorbairt é an córas nua seo chun saoire, oidí ocáideacha agus neamhocáideacha (ionadaithe) agus cúntóirí ionadaithe um riachtanais speisialta a íoc. Is córas greasán-bunaithe é a cheadaíonn scoileanna mionsonraí maidir le neamhláithreachtaí oidí agus cúntóirí um riachtanais speisialta mar aon leis na héilimh ar íocaíocht ó oidi ocáideacha agus neamhocáideacha agus ó chúntóirí ionadaithe um riachtanais speisialta a ionchur ar-líne trí fheidhm a bhaint as an riomhaire scoile. Na sonraí a dhéanfar a ionchur sa scoil, aistreofar iad ag an ngréasán chuig lárionad bunachair sonrai CEAL. Déanfar na sonraí a aistriú go laethúil ina dhiaidh sin ón mbunachar sonrai CEAL go dti párollaí na Roinne.

Tá an córas CEAL i bhfeidhm anois in ionad na foirme iarratais ar thuarastal oide ionadaithe a b'éigean a ionchur de láimh agus a sheoladh don Roinn. Tá sé i bhfeidhm, freisin, in ionad na bhfoirmeacha um fhilleacháin rathúla a úsáideadh chun neamhláithreachtaí oidí agus cúntóirí um riachtanais speisialta a thaifeadadh.

Tá achoimre de mionsonraí neamhláithreachtaí oidí ar fáil san Imlitir 32/2007. Ba chóir féachaint ar an Imlitir sin agus saoire á taifeadadh ar CEAL Ta achoimre de mionsonraí neamhláithreachtaí cúntóirí um riachtanais speisialta léirithe ar Imlitir Phá SNA 18/04.

Slándáil:

Chun ionracas an chórais CEAL a chóinneáil, ba chóir do na Boird Bhainistíochta a dheimhniú go gcloítear le gnéithe riachtanacha smachta agus slándála. Ba chóir a chur ina luí ar an úsáidí ainmnithe agus ar aontaitheoir an chórais na focail folaigh a choinneáil slán i gcónaí agus gan iad a sceitheadh do bhaill eile foirne. Má bhíonn ar an úsáidi nó an aontaitheoir imeacht on ríomhaire, ba chóir dó/di logáil as CEAL Ba chóir d'úsáidi agus d'aontaitheoir a dheimhniú go ndéanfar mionsonraí uile na n-oidí agus na gcúntóirí um riachtanais speisialta a ionchur i gceart don chóras. Ba chóir dóibh, ach go háirithe, a sheiceáil go ndéanfar mionsonraí chuntas bainc a ionchur i gceart.

Aguisín A

Nós imeachta chun duine a ainmniú / a thoghadh a ainmneoidh an Pátrún le ceapadh mar ionadaí na n-oidí

1. Ba cheart cruinniú foirne a thionóil chun oide a roghnú le hainmniú don Phátrún le ceapadh mar ionadaí na n-oidí ar an mBord Bainistíochta. Tabharfar fógra deich lá, ar a laghad, faoin gcruinniú sin do gach duine a bheadh i dteideal vótáil ag an gcruinniú sin.

2. Ar an gcruinniú iarrfar ainmniú ón bhfoireann údaraithe teagaisc, an Príomhoide san áireamh. Chuige seo, ghlacfar leis go n-áireofar ar an bhfoireann teagaisc iad san atá ag obair sa scoil ar bhonn buan nó in acmhainn téarma seasta mar a bhfuil an téarma ceapacháin sé mhí nó níos mó.

3. Níl na hoidí a leanas incháilithe chun daoine a ainmniú, chun vótála ná chun a bheith ainmnithe iad féin

   - oidí ocáideacha / neamhocáideacha (Ionadaithe);
   - oidí ar sos gairme;
   - oidí ar iasacht;
   - oidí i seirbhís thar lear agus
   - oidí ar saoire staidéara ar feadh fadtréimhse sé mhí nó níos mó.

4. Ní mor cuidiú a bheith ag gach ainmniú.

5. Mas rud é nach bhfuil ach aon ainmniú amháin, measfar an duine a ainmníodh a bheith tofa.

6. Más rud é go bhfuil níos mó ná aon ainmniú amháin, tionólfar vóta rúnda ag an gcruinnniú agus sa chás sin cheapfar beirt áiritheoir.

7. Déanfar an vóta a chomhaireamh go poiblí ag an gcruinniú agus cuirfear an toradh in iúl don bhfoireann agus d'ionadaí an Phátrúin

8. Sa chás go mbíonn comhvóta idir na hainmnigh, cuirfear ar crann é chun ionadaí na n-oidí a chinneadh.

9. I gcás scoil bheirt oide, is é an tOide Seomra Ranga sa ghnáthchúrsa a bheidh mar ionadaí na n-oidí, mura bhfuil an scoil mar scoil bhunáite ag oide acmhainne nó oide um thacaíocht foghlamtha agus sa chás sin beidh an nós imeachta atá leagtha amach ag 1 – 8, thuas, i bhfeidhm.

10. Maidir leis an mbeirt bhall oide ar Bhoird Bhainistíochta de Scoileanna Clochair agus Mainistreach, is é a bheidh i gceist ná sa chás gur Cléireach é an Príomhoide is tuatach a bheidh sa bhall oide tofa agus más tuatach a bheidh sa Phríomhoide, moltar gur Cléireach a bheidh sa bhall oide tofa.

11. Úsáidfear an nós imeachta atá leagtha síos ag 1 – 9, thuas, chun folúntas ar bith a líonadh.

Aguisín B

Nósanna imeachta chun tuismitheoir(í) a ainmniú / a thoghadh le ceapadh ag an bPátrún mar iondaí / ionadaithe tuismitheoirí ar an mBord

Ba chóir an nós imeachta sin a úsáid chun ionadaí / ionadaithe tuismitheoirí a roghnú don chéad uair agus i gcás fothoghchán ar bith a thionólfar tar éis dul i gcomhairle le cumann na dtuismitheoirí.

Cinnfear modh toghcháin na n-ionadaithe tuismitheoirí i gcomhairle le ionadaithe tuismitheoirí ar an mBord atá ag imeacht as oifig agus aon chumann tuismitheoirí sa scoil.

An tAcht um Chosaint Sonraí

Agus mionsonraí na n-ainmnitheach a mholtar le haghaidh ceaptha mar ionadaithe tuismitheora ar an mbord á scaipeadh, ba chóir d'ionadaí an Phátrúin agus Cumann na dTuismitheoirí a bheith aireach faoi a gcuid dualgas ag éirí as Acht um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus an riachtanas atá ann géillleadh iomlán a dhéanamh don Acht maidir le bailliúchán, úsáid agus sceitheadh sonraí pearsanta a rinneadh a phróiseáil. De bhrí go bhfuil an scoil ar leith, an institiúid nó an dream oideachais freagrach as sainmhíniú agus feidhmiú an Achta, ba chóir iad uile a bheith eolach go hiomlán ar fhorálacha an Achta.

Rinneadh an tAcht a chumadh d'aon ghnó cun príobháideachas na ndaoine aonracha a chosaint maidir le sonraí pearsanta uathoibritheacha agus chun a chur i bhfeidhm sa tír seo Coinbhinsiúin Chomhairle na hEorpa ar Dhaoine Aonracha a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibritheach (1981).

D'fhéadfadh rogha de dhá nós imeachta feidhmiú agus leagtar síos iad i roghanna 1 agus 2.

A shonrú: Chun go mbeadh an ionadaíocht chomh fairsinge agus is féidir, más indéanta é, ba chóir go mbeadh an bheirt tuismitheoir ó theaghlaigh ar leith agus gan gaol ar bith a bheith acu le baill eile den Bhord agus a bheith tofa ag an dream ginearálta de thuismitheoirí na leanaí cláraithe sa scoil.

Rogha 1

1. Déanfaidh ionadaí an Phátrúin socrú le haghaidh cruinnithe tuismitheoirí leanaí clárairthe sa scoil. Tabharfar fógra deich lá ar a laghad i scríbhinn do gach duine a bheadh i dteideal vótáil ag an gcruinniú sin. Déanfaidh an rogha

   (i) a chur in iúl go lorgófar ainmnithe ó thuismitheoirí le haghaidh daoine le seasamh i dtoghchán d'ionadaithe tuismitheoirí ar an mBord

   (ii) a shoiléiriú cibé acu a mbeidh ballóid ag an gcruinniú le hionadaithe a thoghadh nó an reachtálfar an bhallóid ina dhiaidh sin mar bhallóid phoist

   (iii) más rud é gur ballóid phoist a bheidh i gceist, an dáta is déanaí le páipéir bhallóide a bheith ar ais agus an dáta, am agus áit a gcomhaireofar na vótaí. go poiblí a chur in iúl.

2. Ag an gcruinniú ba cheart ainmnithe a lorg do phainéal máithreacha agus painéal aithreacha.

3. Mura mbíonn ach aon ainmnitheach amháin do cheachtar painéal, measfar an t-ainmnitheach / na hainmnithigh a bheith tofa.

4. Má fhaightear níos mó ná ainmnitheach amháin do cheachtar painéal, tionolfar ballóid rúnda ag an gcruinniú nó ina dhiaidh sin. Ceapfar beirt áiritheoir agus is féidir le duine acu ghníomhú mar Cheann Comhairimh i gcás ballóide poist.

5. I gcás ballóide poist, ní foláir an vótáil a bheith dúnta agus caitheamh na vótaí a bheith ann laistigh de dheich lá den chruinniú.

6. Beidh aon vóta neamhaistrithe amháin do gach painéal ag gach duine a bheidh ag vótáil.

7. Déanfar na vótaí a chomhaireamh go poiblí.

8. Déanfar an toghchán a chinneadh ar iolrach vótaí (i.e. córas an chéad duine abhaile).

9. Cuirfear toradh na ballóide in iúl do na tuismitheoiri agus d'ionadaí an Phátrúin.

10. Féadfar na filleacháin vótála ón mballóid a choinneáil chun folúntais, a tharlódh i saolré an Bhoird, a líonadh trí chomhthoghadh sa chás go ndéanfaí cinneadh, tar éis dul i gcomhairle le cumann na dtuismitheoirí, gan fothoghchán a reachtáil.

Aguisín B (ar lean.)

Rogha 2

1. Déanfaidh ionadaí an Phátrúin socrú chun liosta ainmneacha tuismitheoirí na leanaí ar fad sa scoil a scaipeadh ar gach teaghlach ag lorg ó thuismitheoirí agus caomhnóirí ainmnithe d'iarrthoirí le thoghadh ar an mBord Bainistíochta. Ba chóir go mbeadh ainmneacha na dtuismitheoirí ar an liosta ceangailte leis na ranganna ar a mbeadh a gcuid leanaí ag freastal. Cuireann riachtanais an Achta um Chosaint Sonraí 1988 in iúl, áfach, nach mór d-ionadaí an Pháthrún cead a lorg a leithéid d'fhaisnéis phearsanta a scaipeadh.

2. Féadfaidh gach tuismitheoir ainmniú amháin a dhéanamh do phainéal na n-aithreacha agus ceann do phainéal na máithreacha agus cuirfear ar aghaidh iad chuig ionadaí an Phathúin ionas go bhféadfar liosta a chur le chéile den deichniúr a fuair an líon is airde ainmnithe do gach painéal

3. Agus cuireadh á thabhairt do thuismitheoirí ainmnithe a chur i láthair, iarrfar ar thuismitheoirí a chinntiú go bhfuil an duine / na daoine atá ainmnithe sásta seasamh sa toghchán.

4. Mura bhfuil ach aon ainmnitheach amháin do cheachtar painéal, measfar an t-ainmnitheach / na hainmnithigh a bheith tofa.

5. Má fhaightear níos mó ná aon ainmniú amháin do cheachtar de na painéil, tionólfar ballóid rúnda agus féadfaidh tuismitheoirí vótáil do na hainmnithigh sin a dheimhnigh go bhfuil siad sásta a bheith ina bhaill den Bhord.

6. Ba cheart iad sin a ghlacann le ainmniú a spreagadh chun cuntas gearr pearsanta a chur ar fáil le cur ar an bpáipéir ballóide. D'fhéadfadh seoladh agus uimhir theileafóin a bheith san áireamh. Cuireann riachtanais an Achta um Chosaint Sonraí 1988 in iúl, áfach, nach mór d-ionadaí an Pháthrúin cead a lorg ó iad siúd, a ghlacann le ainmniú, a leithéid d'fhaisnéis phearsanta a scaipeadh.

7. Ba cheart páipéir bhallóide ar leith a úsáid do thoghchán máthar agus athar. Beidh aon vóta neamhaistrithe amháin do gach painéal ag gach duine a bheidh ag vótáil. Ba cheart socraithe a dhéanamh le páipéir bhallóide a scaipeadh orthu sin atá i dteideal vótála agus a bhailiú uathu agus le duine creidiúnach a ainmniú mar Cheann Comhairimh. Ba cheart go gcuirfeadh an fógra ballóide dáta, am agus áit do chomhaireamh na ballóide in iúl, fresin.

8. Déanfar na vótaí a chomhaireamh go poiblí.

9. Déanfar an toghchán a chinneadh ar iolrach vótaí (i.e. córas an chéad duine abhaile) agus cuirfear toradh na ballóide in iúl do na tuismitheoirí agus d'ionadaí an Phátrúin.

10. Féadfar na filleacháin vótála ón mballóid a choinneáil chun folúntais, a tharlódh i saolré an Bhoird, a líonadh trí chomhthoghadh sa chás go ndéanfaí cinneadh, tar éis dul i gcomhairle le cumann na dtuismitheoirí, gan fothoghchán a reachtáil.

Folúntais i measc ionadaithe na dtuismitheoirí

Sa chás go mbeidh folúntas i measc ionadaithe na dtuismitheoirí, féadfaidh an Bord Bainistíochta, tar éis dul i gcomhairle le cumann na dtuismitheoirí, moladh a dhéanamh don Pháthrún

(i) an chéad duine eile, as iad san nár toghadh don Bhord i dtús báire, ag a bhfuil an líon is airde vótaí a comhthoghadh chun an folúntas a líonadh, é sin nó

(ii) féadfaidh an Bord Bainistíochta moladh a dhéanamh fothoghchán a reachtáil chun áit ionadaí na dtuismitheoirí a líonadh.

Aguisín C

(Beidh an próiseas seo i bhfeidhm mutatis mutandis chun aon bhall sa bhreis a roghnú i gcás Bord scoileanna aon-oide)

Nós imeachta chun beirt de mhuintir an chomhphobail a roghnú le ceapadh ar an mBord Bainistíochta

1. Tonólfaidh ionadaí an Phátrúin cruinniú de bheirt ainmnitheach an Phátrúin, an bheirt ionadaí tuismitheoirí tofa, ionadaí na n-oidí tofa agus an príomhoide

2. Tionólfar an cruinnniú sin laistigh de sheacht lá de na próisis toghcháin atá leagtha síos in Aguisíní A agus B a bheith críochnaithe

3. Ag an gcruinniú sin, tar éis dóibh riachtanais scile an Bhoird do bhainistíocht éifeachtach na scoile a phlé, de réir na critéar atá leagtha síos ag **4**, thíos, molfaidh na baill beirt bhall sa bhreis ón gcomhphobal trí chéile, comhaontaithe eatarthu, le ceapadh ag an bPátrún.

   Déanfar gach iarracht a bheith comhaontaithe d'aonghuth. Má bhíonn deacrachtaí ag na baill, áfach, maidir le seo, is féidir tuilleadh cruinnithe a thionól chun an próiseas a éascú. Meastar gur leor trí cinn, ar a mhéad, de na cruinnithe sin.

   Sa chás nach mbeidh comhaontú d'aonghuth indéanta tar éis trí cinn de chruinnithe, déanfaidh tromlach 5 le 1 de na baill beirt bhall sa bhreis ón gcomhphobal le chéile a mholadh don Phátrún le ceapadh. Cuirfear deireadh leis an bplé sin, na trí cinn a bheidh molta san áireamh, laistigh de cheithre lá dhéag. Bheadh sé inmholta go ndéanfar na daoine eile sin, a n-iarrfar orthu bheith mar bhaill i dtús báire sa chás nach mbeidís sásta feidhmiú, a shainaithint ag na baill. Ba chóir do na baill an t-ord roghnaithe a chinneadh maidir le dul i gcomhairle leis na daoine a roghnaíodh

   Féadfar an tréimhse chun aontú ar roghnú beirte bhall sa bhreis a leathnú thar ceithre lá dhéag go huasteorainn glan de lá is fiche ach é sin amháin más rud é go ndiúltaíonn an bheirt a roghnaíodh i dtús báire.

   Má theipeann ar thromlach na mball beirt bhall sa bhreis a ainmniú, mar atá léirithe thuas, ceapfaidh an Pátrún beirt bhall ó na daoine a bhí i gceist ag an mBord le haghaidh a n-ainmnithe.

4. Is iad na critéir a bheidh i bhfeidhm agus daoine ón gcomhphobal á roghnú le ghníomhú mar bhaill an Bhoird ná:

I gcás bunscoileanna Caitliceacha Rómhánacha

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar do shainmheon na scoile agus do pharóiste / chomhphobail ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh thuiscint acu agus tiomantas d'oideachas Caitliceach mar a bhfuil léiritha sa Ghníomhas Iontaobhais do Scoileanna Caitliceacha.

(ii) Beidh scileanna a bheidh comhlánach le riachtanais scile an Bhoird ag na daoine a ainmneofar

(iii) Beifear comhfheasach ar chothromaíocht inscne ar an mBord agus daoine á n-ainmniú.

(iv) Beidh spéis in oideachas agus ina cur chun cinn ag na daoine a ainmneofar ach ní gnách gur tuismitheoirí leanaí, cláraithe sa scoil, a bheadh iontu.

(v) I gcás Gaelscoileanna / scoileanna Gaeltachta Caitliceacha Rómhánacha, beidh tuiscint agus tiomantas, freisin, ag daoine a ainmneofar de shainmheon na scoile. Beifear ag súil, freisin, go mbeidh eolas maith ar an nGaeilge acu sin a ainmneofar.

I gcás bunscoileanna Eaglais na hÉireann

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar do shainmheon na scoile agus do pharóiste / chomhphobail ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh siad ina mbaill d'Eaglais na hÉireann cé go mbeidh sé de rogha an Phátrúin a mhalairt a chinneadh.

(ii) Beidh scileanna a bheidh comhlánach le riachtanais scile an Bhoird ag na daoine a ainmneofar

(iii) Beifear comhfheasach ar chothromaíocht inscne ar an mBord agus daoine á n-ainmniú.

(iv) Beidh spéis in oideachas agus ina cur chun cinn ag na daoine a ainmneofar ach ní gnách gur tuismitheoirí leanaí, cláraithe sa scoil, a bheadh iontu

I gcás bunscoileanna Preispitéireachta

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar do shainmheon na scoile agus do pharóiste / chomhphobail ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh siad ina mbaill den Eaglais Phreispitéireach in Éirinn cé go mbeidh sé de rogha an Phátrúin a mhalairt a chinneadh.

(ii) Beidh scileanna a bheidh comhlánach le riachtanais scile an Bhoird ag na daoine a ainmneofar

(iii) Beifear comhfheasach ar chothromaíocht inscne ar an mBord agus daoine á n-ainmniú.

(iv) Beidh spéis in oideachas agus ina cur chun cinn ag na daoine a ainmneofar ach ní gnách gur tuismitheoirí leanaí, cláraithe sa scoil, a bheadh iontu

I gcás bunscoileanna Meidisteacha

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar do shainmheon na scoile agus do pharóiste / chomhphobail ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh siad ina mbaill den Eaglais Mheidisteach in Éirinn cé go mbeidh sé de rogha an Phátrúin a mhalairt a chinneadh.

(ii) Beidh scileanna a bheidh comhlánach le riachtanais scile an Bhoird ag na daoine a ainmneofar

(iii) Beifear comhfheasach ar chothromaíocht inscne ar an mBord agus daoine á n-ainmniú.

(iv)Beidh spéis in oideachas agus ina cur chun cinn ag na daoine a ainmneofar ach ní gnách gur tuismitheoirí leanaí, cláraithe sa scoil, a bheadh iontu.

I gcás scoileanna Educate Together

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar ón gcomhphobal, ar a bhfuil an scoil ag freastal, do shainmheon na scoile.

(ii) Beidh scileanna a bheidh comhlánach le riachtanais scile an Bhoird ag na daoine a ainmneofar.

(iii) Beifear comhfheasach ar chothromaíocht inscne ar an mBord agus daoine á n-ainmniú.

(iv) Beidh spéis in oideachas agus ina cur chun cinn ag na daoine a ainmneofar ach ní gnách gur tuismitheoirí leanaí, cláraithe sa scoil, a bheadh iontu.

I gcás Gaelscoileanna faoi phátrúnacht Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge

(i) Beidh thuiscint ar agus tiomantas do shainmheon na scoile ag na daoine a ainmneofar ón gcomhphobal ar a bhfuil an scoil ag freastal. Beifear ag súil, freisin, go mbeidh eolas maith ar an nGaeilge acu siúd a ainmneofar.

(ii) Beidh scileanna a bheidh comhlánach le riachtanais scile an Bhoird ag na daoine a ainmneofar.

(iii) Beifear comhfheasach ar chothromaíocht inscne ar an mBord agus daoine á n-ainmniú.

(iv) Beidh spéis in oideachas agus ina cur chun cinn ag na daoine a ainmneofar ach ní gnách gur tuismitheoirí leanaí, cláraithe sa scoil, a bheadh iontu.

I gcás bunscoileanna Muslamacha

(i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar do shainmheon na scoile agus don chomhphobail ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh thuiscint acu ar agus tiomantas acu d'oideachas Ioslamach mar a bhfuil cur síos air sa Ghníomhas Iontaobhais do Scoileanna Muslamacha na hÉireann. Beidh siad ina mbaill den chomhphobal Muslamach in Éirinn mar a chinnfidh Fundúireacht Mhuslamach na hÉireann, an comhlacht Oifigiúil ionadaíoch atá faofa go daonlathach ar son na Muslamach in Éirinn agus uathu cé go mbeidh sé de rogha an Phátrúin a mhalairt a chinneadh.

(ii) Beidh scileanna a bheidh comhlánach le riachtanais scile an Bhoird ag na daoine a ainmneofar.

(iii) Beifear comhfheasach ar chothromaíocht inscne ar an mBord agus daoine á n-ainmniú.

(iv) Beidh spéis in oideachas agus ina cur chun cinn ag na daoine a ainmneofar ach ní gnách gur tuismitheoirí leanaí, cláraithe sa scoil, a bheadh iontu.

5. Maidir le Bord atá ag dul as oifig, gheobhaidh ionadaí an Phátrúin amach láithreach an bhfuil na hainmnithigh sásta gniomhú.

6. Nuair a bheidh na hainmnithigh roghnaithe agus é deimhnithe go bhfuilid sásta ghníomhú mar bhaill, cuirfidh ionadaí an Phátrúin, ar an mBord Bainistíochta atá ag dul as oifig, ainmneacha na n-ainmnitheach atá aontaithe chuig an Phátrún le ceapadh in éineacht le hainmneacha na ndaoine eile a hainmníodh le bheith ar an mBord. Ba cheart a thahairt faoi deara nach faide ná deich lá an fadtréimhse iomlán atá curtha ar fáil le comhdhéanamh an Bhoird a chur in iúl don Phátrún, glacadh an Phátrúin leis agus a chur in iúl don Aire.

7. I gcás folúntais, ba cheart don Bhord ainm a mholadh don Phátrún le ceapadh ag baint feidhme as na critéir ag **4**, thuas, laistigh de mhí amháin ó tharla an folúntas.

Aguisín D

Na nósanna imeachta a léirítear san aguisín seo, cumadh iad chun nósanna imeachta córa agus cothroma a sholáthar la haghaidh iarrthóirí le ceapadh agus tá sé mar dhualgas ag an mBord Bainistíochta cloí leo. Rinneadh na nósanna imeachta seo a údarú trí Reachta agus aontaíodh iad ag agus idir na páirtithe atá sainaitheanta faoin Acht Oideachais 1998, mar atá: an Pátrún nó na hIontaobhaithe, na hÚdaráis Bhainistíochta, ionadaithe na n-oidí, ionadaithe na dtuismitheoirí, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Airgeadais.

Forálann Mír 24 (1) – (4) den Acht Oideachais mar a leanas:

24.—(1) faoi réir na míre seo, féadfaidh an bord a leithéid d'oidí agus an líon oidí agus foireann eile na scoile a cheapadh de réir mar a cheapann an bord ó am go chéile a bheith riachtanach chun a gcuid comhachtaí agus feidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh.

(2) Beidh líon agus cáilíochtaí na n-oidí agus na foirne eile sa scoil, a bheidh le híoc as an airgead a sholáthróidh an tOireachtas, faoi réir cheadú an Aire le cead an Aire Airgeadais.

(3) Féadfar oidí agus foireann eile a cheapadh ag an mbord agus déanfar iad a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Féadfar a leithéid d'oidí agus foirne a chur ar fionraí nó a chur as oifig faoi réir na nósanna imeachta a dhéanfar a aontú idir an Aire agus an Pátrún, cumainn aitheanta bainistíochta scoile mar aon le ceardcumann aitheanta nó cumann foirne ar bith a fheidhmíonn ar son oidí nó ar son foirne eile mar is cuí.

(4) Go dtí go mbeidh na nósanna imeachta, a fhoráltar sa bhfomhír (3), aontaithe, déanfar feidhmiú na nósanna imeachta maidir le ceapadh, le fionraí agus le cur as oifig, i gcás oidí agus foirne eile, díreach roimh thosú na míre seo, a leanúint

1. Nósanna imeachta ceapacháin d'oidí

(i) Faoi réir Míre 15 den Acht Oideachais 1998, déanann an Bord Bainistíochta an scoil a bhainistiú ar son an Phátrúin. Déanfaidh an Bord Bainistíochta gach ceapachán oidí sa scoil de réir na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta agus beidh siad faoi réir fhaomhadh roimh ré an Phátrúin.

(ii) Dírítear aird na mBord ar:

a) na dualgais faoin Acht Oideachais mar aon leis an reachtaíocht Fhostaíochta, an tAcht Oibriúcháin (Páirtaimseartha) Um Fhostaithe a Chosaint 2003 san áireamh agus an tAcht Oibriúcháin (Páirtaimseartha) um Fhostaithe a Chosaint 2001.

b) na riachtanais atá léirithe sna Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta mar aon le hImlitreacha na Roinne maidir le painéil Deoise agus painéil athfhostaithe eile

c) na riachtanais i dtaobh cáilíochtaí oidí, i.e., beidh sé mar dhualgas ar Bhoird Bhainistíochta bunoidí lánchailithe a earcú agus a fhostú d'fholúntas ar bith sa scoil, beag beann ar fhadtréimhse an fholúntais. Má tharlaíonn nach mbeidh oide oiriúnach cáilithe ar fáil agus go ndéantar duine neamhoilte a cheapadh, ní mór don Bhord léargas a thabhairt don Roinn ar na hiarrachtaí a rinneadh chun oide cáilithe a fháil agus na toscaí faoi deara an oide neamhoilte a bheith ceaptha.

d) an riachtanas atá ann Bunreacht na mBord agus Rialacha Imeachta a chomhlíonadh.

(iii) Tá na nósanna imeachta a leanas a leanúint i ngach uile cás ceapacháin oidí mura ndéanfaidh an tAire, i dtosca speisialta, a mhalairt de chinneadh.

Fógraí

Nósanna imeachta le haghaidh ceapacháin Oidí (Mír 1) agus le haghaidh Príomhoidí (Mír 2).

Mír 1:Ceapachán oide

(i) Cuirfear folúntais in iúl don fhoireann teagaisc ar fad sa scoil agus fógrófar na folúntais i nuachtán náisiúnta laethúil amháin ar a laghad. Ó 01/01/2008 amach, beidh sé de rogha ag Boird Bhainistíochta fógra a lonnú ar líon láithreán gréasáin ar leith a fheidhmítear le haghaidh earcaíocht oideachais. Déanfar mionsonraí sa bhreis ar fhógraíocht um ghréasán-bunaithe a léiriú in Imlitreacha sa todhchaí. Lorgófar iarratais sa bhfógra mar aon le curriculum vitae ó oidí, fir agus mná, incháilithe agus beidh na hiarratais le cur i láthair Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta faoi dháta ar leith.

(ii) **<u>Dearbhófar</u>** sa bhfógra

- ainm, seoladh, uimhir rolla agus pátrúnacht na scoile,
- lion na bpost teagaisc (Príomhoide san áireamh)
- cineál an fholúntais (i.e. mar Phríomhoide, é sin nó mar phost teagaisc)
- stádas an fholúntais (i.e. buan fadtéarma seasta, é sin nó oide sealadach nó oide ionadaithe)
- an dáta is deireanaí a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe, *nach mbeidh níos luaithe ná dhá sheachtain tar éis an dáta dheireanaigh ar ar foilsíodh an fógra*

- dáta thosú fostaíochta sa phost teagaisc
- nach foláir curriculum vitae a chur i láthair leis an iarratas
- más den riachtanas é teastais, tuarascálacha nó faisnéis cháipéiseach eile sa bhreis a chur i láthair e.g., fianaise chláraithe a bheith bainte amach don Chomhairle Teagaisc agus riachtanais seiceála reatha a bheith comhlíonta

(iii) **D'fhéadfadh** an fógra a rá freisin:

- Na cineálacha dualgas , ar an gcéad dul síos, a d'fhéadadh dáileadh don phost *(e.g. oide acmhainne um thacaíocht fhoghlamtha, oide acmhainne, etc.)* Ba chóir a shonrú go bhféadfaí athrú a dhéanamh ar na dualgais a fógraíodh sa bhfógra
- An ndéanfar nó nach ndéanfar liosta d'iarratasóirí oiriúnacha a bhunú as a líonfar folúntais sa todhchaí, mar sin féin ní bheidh sé ceadaithe folúntais bhuana a líonadh as painéal a cumadh tar éis agallaimh le haghaidh poist um fhadtéarma seasta. *(dleathach den tréimhse de ceithre mhí ó dháta an fhógra. Ní ceadófar an liosta seo a bhunú ach amháin sa chás go mbeidh a leithéid luaite sa bhfógra).*
- Más den riachtanas é clúdach litreach ar a bhfuil stampa greamaithe a chur faoi iamh le go bhféadfaí an doicimeadú a chasadh ar ais.
- Go mba chóir d'iarratasóirí an clúdach a mharcail mar "Iarratas"
- Ba chóir don bhfógra a chur in iúl an cóir foirm iarratais chaighdeánach (Príomhoide) a fheidhmiú (i.e.foirm chaighdeánach *CPSMA*)

(iv) Déanfar cúram speisialta i dtaca le dréachtadh an fhógra, go háirithe maidir le aicme ghnéasach na scoile a chur in iúl, lena cinntiú go mbeidh sé le tuiscint ag an uile dhuine go bhfuil idir fir is mná, araon, incháilithe chun iarratas a dhéanamh agus go gcaithfear mar a chéile iad.

(v) Ní cóir go gcuirfeadh fógraí in iúl nó go bhféadfaí go réasúnta a mheas go gcuireann siad in iúl go bhfuil i gceist idirdhealú ar na cúiseanna a léiríodh i Mír 6(2) de na hachtanna um Chothromaíocht Fhostaíochta 1998 – 2004, i.e. inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine & ball den Lucht Siúil ach gan Mír 37 den Acht um Chothromaíocht Fhostaíochta a bheith san áireamh maidir le sainmheon scoileanna a chosaint.

(vi) Ní bheidh aon mhoill mhíréasúnta ann idir an fógra a chur isteach agus an post a líonadh.

Mír 2 Príomhoide a cheapadh

1. Caithfidh Bord Bainistíochta agus fógra le haghaidh fholúntas Príomhoide á dhéanamh aige

   a) An fógra iomlán a chur i Nuachtán Náisiúnta de réir na nósanna imeachta atá léirithe ag Mir 1, thuas,

   agus / nó

   b) An fógra a chur ar www.publicjobs.ie agus fógra gearr á chur i nuachtán Náisiúnta a léireoidh go bhfuil an post á fhógairt ar an láithreán gréasain www.publicjobs.ie. Ón dáta 01/01/2008, beidh an rogha ag Boird Bhainistíochta an fógra a chur ar líon teoranta láithreán gréasáin a fheidhmítear d'earcú oideachais. Déanfar mionsonraí sa bhreis ar fhógraí ar láithreáin ghréasáin a léiriú in Imlitir sa todhchaí.

   agus

   c) An fhoireann teagaisc uile sa scoil a chur in eolas faoin fholúntas (foireann ar neamhláithreacht fhaofa san áireamh (i.e. ar sosghairm, ar iasacht etc.)

1.1 Ní mór don bhfógra, é go hiomlán ar nuachtán náisiúnta nó ar na láithreáin ghréasáin de réir míre 1(b), thuas, tagairt a dhéanamh do na mionsonraí uile a bheidh iomchuí don phost teagaisc (Féach 1 (ii), thuas), i.e. ainm na scoile, seoladh, pátrún, líon na bpost teagaisc (an príomhoide san áireamh) sa scoil, an dáta éifeachtach chun an post a líonadh, curriculum vitae a chur i láthair, cé acu an mbeadh teastais, tuarascálacha nó cáipéisi eile sa bhreis ag teastáil, an dáta scoir do na hiarratais agus an seoladh nach mór na hiarratais a sheoladh chuige. Ní féidir leis an dáta scoir a bheith níos luaithe ná dhá sheachtain tar éis dáta foilsithe an fhógra. Féach eiseamláir d'fhógra thíos.

1.2 Sa chás go gcinneann an Bord Bainistíochta post a fhógairt do Phríomhoide ar an láithreán gréasáin um sheirbhís phoiblí, www.publicjobs.ie , ba chóir dó an fógra a chur i láthair go díreach don tSeirbhís um Cheapacháin Phoibli agus 5 lá a cheadú más san rphost a bheidh mionsonraí an fhógra nó 14 lá más sa phost a bheidh siad. Is é uimhir teagmhála na Seirbhíse um Cheapacháin Phoibli ná Teil. 01 8587504:

rphost: info@publicjobs.ie. Seoladh Poist, Chapter House, 26-30 Sr. na Mainistreach Uach., Baile Átha Cliath 1. Ba chóir go mbeadh lonnú an ghearrfhógra sa nuachtán agus an chéad dáta inar rinneadh post an phríomhoide a fhógairt ar an láithreán gréasáin www.publicjobs.ie a bheith ar chomhdháta.

Déanfar Imlitir a eisiúint, ina ndéanfar na nósanna imeachta a léiriú a bheidh le leanúint maidir le fógraíocht sa bhreis ar an láithreán gréasáin.

1.3 Ní cóir folúntais do phríomhoidí a fhógairt i Mí Iúil ná i Mí Lúnasa ach amháin i gcúinsí speisialta agus le fhaomhadh roimh ré ón bpátrún.

Eiseamláir 1: Fógra um Láithreán Gréasáin www.publicjobs.ie



Eiseamláir 2: Fógra um Láithreán Gréasáin www.educationposts.ie



Ar mhiste a shonrú gur sanhailteach iad ainm na scoile, seoladh an láithreáin ghréasáin agus na mionsonraí teagmhála a soláthaíodh thuas agus níl siad anseo ach amháin mar eiseamláirí.

Eiseamláir: Fógra gearr don nuachtán Náisiúnta mar eiseamláir.
Príomhoide ag teastáil ó 1 Meán Fómhai 2007 don scoil Náisiúnta N.Muire,Corcaigh RN:12345X. féach www.publicjobs.ie Féach www.InsertNameofWebsiteHere.ie

EISEAMLÁIRÍ d'FHÓGRAÍ

Maidir leis na heiseamláiri a úsáidtear sa mhír seo, is é an 17 Bealtaine 2007 an dáta is déanaí ina bhféadfaí an fógra a chur sna nuachtáin i.e. is ionann is 14 lá tar éis dáta deireanach na foilsithe an dáta is deireanaí , 1 Meitheamh 2007, a nglacfar le hiarratais.

Eiseamláir 1
OIDE BUNSCOILE (Buan) ag teastáil le haghaidh 1 Meán Fómhair seo chugainn do **SN N. PÓL (Uimh. Rolla)** Baile Átha Cliath, *faoi Phátrúnacht an Ardeaspaigh Chaitlicigh i nDeoise Bhaile Átha Cliath* **(Scoil 16 Oide)**. Iarratais mar aon le curriculum vitae agus teastais chuig Cathaoirleach, Bord Bainistíochta, **tráth nach déanaí ná 1 Meitheamh 2007**. Ba chóir an clúdach a mharcáil mar "Iarratas". *Is féidir go mbeadh athrú ar chineál na ndualgas a gabhann leis an bpost. Is féidir go ndéanfaí liosta d'iarrthóirí oiriúnacha a bhunú as a ndéanfaí folúntais sa todhchaí a líonadh laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an fhógra seo.* Bíodh clúdach litreach mar aon le stampa agus seoladh faoi iamh lena bhféadfaí na cáipéisi a chasadh ar ais.

Eiseamláir 2

OIDE BUNSCOILE Buan le dualgais, i dtús báire, mar oide acmhainne um thacaíocht fhoghlamtha ag teastáil le haghaidh 1 Meán Fómhair seo chugainn do **SN SRÁID AN IARLA, (Uimh. Rolla) faoi phátrúnach Educate Together. (7 Oide Scoile)**. Iarratais mar aon le curriculum vitae agus teastais chuig Cathaoirleach, Bord Bainistíochta, t**ráth nach déanaí ná 1 Meitheamh 2007.** Ba choír an clúdach a mharcáil mar "Iarratas". Is féidir go mbeadh athrú ar chineál na ndualgas a ghabhann leis an bpost. Is *féidir go ndéanfaí liosta d'iarrthóirí oiriúnacha a bhunú as a ndéanfaí folúntais sa todhchaí a líonadh laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an fhógra seo.* Bíodh clúdach litreach mar aon le stampa agus seoladh faoi iamh lena bhféadfaí na cáipéisi a chasadh ar ais.

3. Bord Roghnaithe

A. Príomhoidí

(i) Cuirfear Bord Roghnaithe le chéile a chuimseoidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta agus, ar a laghad, beirt mheasúnóir a bheidh neamhspleách ar an mBord Bainistíochta a bheidh le ceapadh ag an bPátrún tar éis dul i gcomhairle leis an gCathaoirleachh. Bean a bheidh i nduine amháin de na baill ar a laghad agus fear i nduine eile.

(ii) Tiocfaidh an Bord Roghnaithe le chéile chomh luath agus a bheidh se indéanta agus leagfaidh sé síos, ar an gcéad dul síos, na critéir le haghaidh iarratais a mheas ag féachaint do na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta agus na riachtanais a bhainfidh leis an bpost ar leith agus teacht ar chinneadh ar na hiarratasóirí le glaoch don agallamh.

Cuirfear na gnéithe a leanas san áireamh ag féachaint do riachtanais an phoist ar leith agus na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta, cé nach san ord seo amháin agus nach gá gur san ord seo a chuirfear iad i bhfeidhm:

- cáilíochtaí gairmiúla
- taithí mhúinteoireachta agus tuairiscí ar inniúlacht
- taithí ábhartha eile
- teastais; i dtaca le seo ba cheart a chur in iúl in am d'iarratasóirí cé acu an bhfuil gá nó nach bhfuil le faisnéis chaipéiseach sa bhreis. Roimh fhógra a thabhairt don iarratasóir rathúil, déanfadh an Bord a c(h)uid teastas a sheiceáil.

(iii) Cuirfear mionsonraí faoi na critéir bhunaithe atá leagtha síos le haghaidh an phoist ar fáil do gach iarratasóir a ghlaofar chun agallaimh

Coinneoidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta taifid de na critéir le haghaidh iarratais a mheas agus de na hagallaimh ar feadh íostréimhse de bhliain amháin.

(iv) Leagann Imlitir 2/02 amach na critéir le haghaidh incháilitheacht a mheas maidir le iarratasóirí ar an bpost mar Phríomhoide.

(v) Beidh téarmaí míre 15 (b) i bhfeidhm maidir le spéis a nochtadh i gcás gach ball den Bhord Roghnaithe, i.e. ball den Bhord a bhfuil gaol aige/aice le duine atá ina (h)iarrthóir le ceapadh ag an mBord mar oide nó mar bhall eile d'fhoireann na scoile, an Príomhoide san áireamh, nochtfaidh an duine sin an gaol don Bhord mar aon lena chineál agus ní bheidh baint ag an duine sin feasta ar phlé nó ar chinneadh an Bhoird maidir leis an gceapadh agus déanfar an nochtadh agus an cinneadh a thaifeadadh ar mhiontuairiscí an Bhoird. Uime sin, tá sé mar dhualgas ag baill an Bhoird ní amháin gaol teaghlaigh a nochtadh ach gaol ar bith d'fhéadfadh laofacht a chur in iúl don phróisis roghnaithe.

(vi) Má bhíonn gaol ag an gCathaoirleach nó ag ball ar bith eile den Bhord Roghnaithe le duine atá ina (h)iarrthóir le haghaidh fostaíochta sa scoil, tarraingeoidh an duine sin siar as an mBord Roghnaithe agus ainmneoidh an Pátrún Cathaoirleach eile ina (h)áit.

(vii) D'fhéadfadh an próiseas a bheith neamhbhailí dá bhfágfaí aon ghaol a bheith ábhartha don roghnú gan nochtadh.

B. Oidí

(i) Cuirfear Bord Roghnaithe le chéile a chuimseoidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, an Príomhoide agus measúnóir a bheidh neamhspleách ar an mBord Bainistíochta a bheidh le ceapadh ag an bPátrún tar éis dul i gcomhairle leis an gCathaoirleachh. Bean a bheidh i nduine amháin de na baill ar a laghad agus fear i nduine eile.

(ii) I gcás oide a roghnú i dtréimhse tar éis Príomhoide a bheith ceaptha agus sula mbeadh an Príomhoide sin i mbun dualgas, comhlíonfaidh an Príomhoide, ainmnithe sa phost sin, ionad an Phríomhoide ar an mbord roghnaithe.

Tiocfaidh an Bord Roghnaithe le chéile chomh luath agus a bheidh sé indéanta agus leagfaidh sé síos na critéir le haghaidh iarratais a mheas ag féachaint do na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta agus na riachtanais a bhainfidh leis an bpost ar leith agus teacht ar chinneadh ar na hiarratasóirí le glaoch don agallamh.

Cuirfear na gnéithe a leanas san áireamh ag féachaint do riachtanais an phoist ar leith agus na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta, cé nach san ord seo amháin agus nach gá gur san ord seo a chuirfear iad i bhfeidhm:

- cáiliochtaí gairmiúla
- tathí mhúinteoireachta agus tuairisc í inniúlachta
- taithí ábhartha eile
- teastais; i dtaca le seo ba cheart a chur in iúl in am d'iarratasóirí cé acu an bhfuil gá nó nach bhfuil le faisnéis chaipéiseach sa bhreis. Roimh fhógra a thabhairt don iarratasóir rathúil, déanfadh an Bord a c(h)uid teastas a sheiceáil.

Cuirfear mionsonraí faoi na critéir bhunaithe atá leagtha síos le haghaidh an phoist ar fáil do gach iarratasóir a ghlaofar chun agallaimh

Coinneoidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta taifid de na critéir le haghaidh iarratais a mheas agus de na hagallaimh ar feadh íostréimhse de bhliain amháin.

(iii) Beidh téarmaí Míre 15(b), maidir le spéis a nochtadh, i bhfeidhm i gcás gach uile bhall den Bhord Roghnaithe (féach A (v), thuas)

(iv) Má bhíonn gaol ag an gCathaoirleach nó ag aon bhall eile den Bhord Roghnaithe le duine atá ina (h)iarrthóir le haghaidh fostaíochta sa scoil, tarraingeoidh an duine sin siar as an mBord Roghnaithe agus ainmneoidh an Pátrún Cathaoirleach nó ball eile ina (h)áit.

(v) D'fhéadfadh an próiseas a bheith neamhbhailí dá bhfágfaí aon ghaol a bheadh ábhartha don roghnú gan nochtadh.

4. Measúnú na n-iarratas / gearrliostú

(i) Cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta gach uile fhoirm iarratais chomhlánaithe chuig an mBord Roghnaithe

(ii) Cuirfear forálacha an Achta um Chothroime Fostaíochta 1998 mar aon leis an gCód Cleachtais den Údarás Cothroime san áireamh sna critéir atá leagtha síos ag an mBord.

(iii) Ní foláir a bheith cúramach lena chinntiú nach ndéanfaidh na critéir leatrom ar bhonn atá leagtha amach i Mír 6(2) de na hAchtanna um Chothroime Fostaíochta 1998 – 2004 i.e., inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine & ball den Lucht Siúil,ach gan san áireamh Mir 37 den Acht um Chothroime Fostaíochta a dhéanann déileáil le sainmheon na scoile a chosaint.

5. Agallaimh

(i) Má bhíonn triúr iarratasóir nó níos lú inchailithe, glaofar na hiarratasóirí incháilithe ar fad le haghaidh agallaimh ag an mBord Roghnaithe. Seachas sin, glaofar ar a laghad triúr iarratasóir incháilithe le haghaidh agallaimh

(ii) Tabharfar fógra scríofa seacht lá ar a laghad agus am agallaimh faoi leith lasmuigh d'uaireanta scoile do gach iarratasóir a ghlaofar le haghaidh agallaimh. Cuirfear mionsonraí faoi na critéir atá leagtha síos le haghaidh an phoist ar fáil do gach iarratasóir a ghlaotar le haghaidh agallaimh.

(iii) Ba cheart glaonna le haghaidh agallaimh a eisiúint de ghnáth laistigh de thrí seachtaine ghlana ón dáta deiridh a nglactar le hiarratais.

(iv) Ba cheart go mbeadh an láthair le haghaidh na n-agallamh compordach agus feistithe go hoiriúnach do chruinniú idir grúpa daoine fásta agus ba cheart go mbeadh áit chompordach feithimh san áireamh.

(v) Bainfidh gach uile cheist ag agallaimh le riachtanais an phoist faoi leith agus riachtanais na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta.

(vi) Ní chuirfear aon cheist ná ní lorgófar eolas ar bith in aon fhoirm ó iarrthóir a bhféadfaí an chiall a bhaint as go raibh sé leatromach ar bhonn gnéis nó stádais phósta e.g. ceisteanna maidir le scileanna spóirt a bheadh i bhfabhar iarratasóirí fir seachas iarratasóirí mná nó vice versa.

(vii) Agus foireann á roghnú do scoileanna buachaillí amháin agus cailíní amháin, ba cheart cúram speisialta a dhéanamh lena chinntiú go dtabharfar comhdheis d'iarratasóirí fir is mná, araon, chun iad féin a chur i láthair mar iarrthóirí oiriúnacha agus nach dtabharfaidh ceisteanna an Bhoird Roghnaithe le thuiscint go bhfuil dearcadh réamhcheaptha ag an mBord ar oiriúnacht fir no mná don phost ar leith. .

(viii) Tá sé mar dhualgas ar gach measúnóir a b(h)ileog mharcála féinigh a chomhlánú agus a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Roghnaihe tar éis na n-agallamh. Féadfaidh na hiarrthóiri scrúdú a dhéanamh ar na bileoga sin ar ball, má iarrtar a leithéid.

(ix) Tar éis agallamh a chur ar na hiarratasóirí sin a chuir iad féin i láthair, cuirfidh an Bord Roghnaithe tuairisc scríofa chuig an mBord Bainistíochta ag ainmniú an t-iarratasóir is oiriúnaí le ceapadh dar leis an mBord Roghnaithe.

(x) Coinneoidh an Bord roghnaithe liosta in ord fiúntais de na hiarrthóirí eile a mheastar a bheith oiriúnach, freisin, le úsáid sa chás nach líonfaidh an t-ainmnitheach sin an post.

(xi) Ceapfaidh an Bord Bainistíochta an t-oide a ainmneofar dá réir sin mura bhfuil cúis mhaith agus cúis leordhóthanach aige gan sin a dhéanamh agus sa chás sin cuirfear an scéal ar aghaidh chuig an bPátrún agus glacfaidh an Bord lena c(h)inneadh siúd ar an gceist sin. Agus fostaíocht á tairiscint don iarratasóir rathúil, ba chóir don Bhord a dheimhniú go mbeidh iniúchadh déanta ar an iarratasóir. Caithfidh údaráis scoileanna a dheimhniú nach ndéanfar iniúchadh ach ar an duine sin a bhfuil beartaithe acu an ceapachán a thairiscint dó/di.

(xii) Lorgóidh an Cathaoirleach fhaomhadh an Phátrúin don cheapachán.

6. Fógra a thabhairt d'iarratasóirí

(i) Tar éis fhaomhadh a fháil de réir 5 (xii), cuirfidh an Bord fógra chuig an oide faoina c(h)eapachán. Ba cheart a chur in iúl don iarrthóir, ar éirigh leis/léi, go bhfuil an thairiscint faoi réir chead an Aire, clárú leis an gComhairle Múinteoireachta agus imréiteach iniúchta.

(ii) Chomh luath is a bhfaigheann an Bord Bainistíochta fógra go bhfuil an t-oide ag glacadh leis an bpost, tabharfar fógra do na hiarrthóirí eile ar fad nár éirigh leo. Comhlánfaidh an t-iarrthóir ar éirigh leis/léi agus an Cathaoirleach, araon, an fhoirm chuí agus cuirfidh siad ar aghaidh í chuig Rannóg Íocaíochtai Bunoideachais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Má bhíonn an post údaraithe agus má dheimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gur chomhlíon an t-oide na critéir agus má bhíonn an ceapachán déanta de réir na nósanna imeachta a bhfuil tuairisc orthu san aguisín seo, faomhfaidh an tAire Oideachais agus Eolaíochta an ceapachán.

(iii) Nuair a gheobhaidh an Bord an faomhadh a bhfuil tagairt dó ag (ii), thuas, ansin rachaidh sé i mbun an chomhaontaithe chuí leis an oide.

(iv) **Coinneoidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta taifid de na critéir le haghaidh iarratasóirí a mheas agus de na hagallaimh ar feadh íostréimhse bliana amháin.**

7. Ceapacháin mar Phríomhoide nó mar Oide i scoileanna clochair agus mainistreach

(i) Más mian le húdaráis an Oird Chreidimh atá i gceist ball den Ord a cheapadh, ceapfaidh an Bord Bainistíochta, faoi réir fhaomhadh roimh ré an Phátrúin agus an Aire, an duine atá molta ag na húdaráis sin ach a duine sin a bheith cáilithe don phost atá i gceist.

(ii) Má mheasann údaráis an Oird gur cheart tuatach a cheapadh, leanfar an nós imeachta atá leagtha síos ag 2 - 6 den Aguisín seo.

(iii) Más rud gur gealladh líon áirithe post d'Ord Creidimh i scoil atheagraithe nach scoil chlochair ná scoil mhainistreach í, ceapfaidh an Bord Bainistíochta, faoi fhaomhadh roimh ré an Aire, sna poist sin baill den ord a bheith ainmnithe ag an Ord Creidimh atá i gceist ach na daoine ainmnithe a bheith cáilithe do na poist atá i gceist.

8. Ceapadh Oidí um théarma seasta (sealadach)

Reachtaíocht Fhostaíochta:

1. Faoi Théarmai an Achta (Faisnéis) Fhostaíochta 1994 & 2001, ní mór do Bhord Bainistíochta, mar fhostóir, a chur ar fáil don fhostaí aige/aice ráiteas scríofa a bhainfidh le gnéithe théarmai fostaíochta an fhostaí e.g. láthair agus uaireanta an chloig oibre, freagrachtaí, nósanna imeachta smachta / ghearáin, dúnghaoisí an fhostóra (sláinte is slándail, ciapadh, ciapadh gnéis, etc.)

2. Faoi Théarmai an Achta (Tearma Seasta) um Chosaint Oibritheoirí 2003 (Mír 8), ni mór do na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le fostaí um théarma seasta na coinníollacha oibiachtúla a chuimsiú a chinneann chomhthéacs na fostaíochta, sé sin an mbeidh am scoir ar dháta seasta, tasc ar leith a chomhlánú nó eachtra ar leith a bheith i gceist. Má bhíonn conradh um théarma seasta á athnuachan ag an bhfostóir, caithfear a leithéid a chur in iúl i scríbhinn don fhostaí um théarma seasta ag an bhfostóir maidir leis an chuís oibiachtúil faoi deara an chonartha um théarma seasta a údarú agus an fáth a theipeann air/uirthi conradh neamhtheoranta ama a thairiscint.

3. Is ceist don Bhord Bainistíochta faoi fhaomhadh an Aire a bheidh i gceapadh oidí um théarma seasta (sealadach).

4. Ba chóir do na hoidí sin, a fhostófar don chéad uair ar chonradh um théarma seasta, a gcuid téarmaí scríofa fostaíochta a fháil laistigh de dhá mhí ó dháta an cheapacháin. Ba chóir na téarmaí agus na coinníollacha a shíniú ag an bhfostaí agus ag an bhfostóir. Ba chóir don bhfostai cóip den cháipéis a choinneáil agus ba chóir don bhfostóir cóip a choimeád i dtaisce ar an gcomhad.

5. Ní mór do gach ráiteas na téarmaí a chuimsiú a bhaineann leis na coinníollacha oibiachtúla a chinneann an chomhthéacs cé a bhfuil sé ag teacht ar dháta ar leith, tasc ar leith a chomhlánú nó eachtra ar leith a bheith i gceist.

6. Sa chás go mbeartaíonn fostóir ar chonradh um théarma seasta a thairiscint, caithfear a leithéid a chur in iúl i scríbhinn don fhostaí um théarma seasta ag an bhfostóir maidir leis an chuís oibiachtúil faoi deara an chonartha um théarma seasta a údarú **agus** an fáth a theipeann air/uirthi conradh neamhtheoranta ama a thairiscint ag an dáta athnuachana is déanaí.

7. I gcás na bhfolúntas go mbeidh súil leo, a leanfaidh níos fuide ná 26 seachtain, ba chóir na poist a fhógairt agus a líonadh trí bhithin próisis um earcaíocht fhoirmiúil ag baint feidhme as na nósanna imeachta agus as na critéir faoi mar ar rinneadh do na folúntais bhuana.

8. Sa chás go gceadaítear saoire shealadach d'oide i.e. sosghairm, ar iasacht, saoire staideír etc., beidh an t–údarás fostaíochta freagrach as ionadaí sealadach a fhostú ar feadh fadtréimhse na neamhláithreachta sealadaí. Déanfar ionadaí ar bith a fhostú ar théarmaí comhaontaithe agus coinníollacha fostaíochta mar ar rinneadh i gcás oidí um théarma seasta.

9. Tá an dualgas ann daoine a earcú a bheidh cáilithe go hoiriúnach le haghaidh gach aon fholúntas, gan cuimhneamh ar fhad ama. I gcúinsí eisceachtúla, sa chás go bhféadfadh an fostóir a thaispeáint gur rinne sé/sí gach aon iarracht oide cáilithe a earcú, is feidir duine neamhcháilithe a earcú fad gan oide cáilithe bheith ar fáil. Ní mór an t-eolas sin a chur isteach i dtéarmaí an cheapacháin a thugtar don duine neamhcháilithe.

10. Ni gá ach próiseas agallaimh amháin a bheith ann don chéad cheapachán sa chás go gceaptar oide láncháilithe ar chonarthaí leanúnacha sa phost céanna nó i gceann cosúil leis ag an bhfostóir céanna.

9. Téarmaí fostaíochta d'oidí um théarma seasta (sealadach)

(i) Ginearálta

Is é an prionsabal atá le feidhmiú ar choinníollacha fostaíochta i leith fostaithe um théarma seasta ná an prionsabal céanna a bheadh comhchóir le linn tréimhse an chonartha mura mbeadh cúiseanna oibiachtúla i gceist chun a leithéid a dhéanamh. Aontaítear, go ginearálta, tráth deireadh an chonartha agus de thoradh sin deireadh den bhfostaíocht ghaolmhar, go mbeidh deireadh le dualgas an fhostóra i leith coinníollacha fostaíochta

(ii) Oidí um Théarma Seasta a chur in eolas faoi fholúntais bhuana

Cathfear oidí um théarma seasta a chur in iúl faoi fholúntas buan. Níl sé indéanta a bheith seanbhunaithe faoin mhodh imeachta atá le feidhmiú. D'fhéadfaí na módhanna a leanas a fheidhmiú: feidhmiú láithreán gréasáin an fhostóra / daoine aonair a fhógairt lasmuigh den téarma scoile / an bord fógraíochta sa scoil le linn an téarma scoile. An modh a fheidhmeofar chun folúntais bhuana a fhógairt, ní mór é bheith faoi iamh sa ráiteas scríofa de na téarmaí a thabharfar do gach oide um théarma seasta. Is é an chuspóir atá le seo ná chun a dheimhniú go ndéanfar an t-oide um théarma seasta a fhógairt maidir leis an bhfolúntas in am tráth i dtreo is go mbeadh an deis ag an oide sin cur isteach ar an bpost dá mba mhian dó/di a leithéid a dhéanamh. Ba chóir do gach aon fhostóir na forálacha a shonrú maidir leis an Acht Oibre (Téarma Seasta) um Fhostaithe a Cosaint 2003. Déanann mír 10.2 den Acht sin a fhóráil go bhféadfaí an fhaisnéis ar an bhfolúntas "a sholáthar tri fhógairt ghinearálta i láithreán nó gnó nó bun áit oiriúnach".

Aguisín E
Imlitir SNA 03/03

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

ROINN PÁROLLA

CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS CÚNTÓIRÍ UM RIACHTANAIS SPEISIALTA I mBUNSCOILEANNA

Nósanna Imeachta Ceapacháin do Chúntóirí um Riachtanais Speisialta
(Nuashonraithe i mí Lúnasa 2007)

1. Réamhrá:

1.1 Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta gur rinneadh nuashonrú ar an Imlitir seo – SNA 03/03 i mí Lúnasa 2007 agus go gcuireann sí i láthair anois na nósanna imeachta leasuithe do Chúntóirí um Riachtanais Speisialta i mbunscoileanna.

1.2 Tá Boird Bhainistíochta, de réir na dtreorlínte thíos, freagrach as Cúntóirí um Riachtanais Speisialta a cheapadh i mbunscoileanna. Beidh gach aon cheapachán faoi réir fhaomhadh roimh ré Phátrún na scoile.

1.3 Ní ceadófar Cúntóir um Riachtanais Speisialta a cheapadh do phost atá le líonadh mura mbeadh sé laistigh den dáileadh post a bheidh faofa ag an gComhairle Náisiúnta le haghaidh Oideachais Speisialta.

2. Post Cúntóra um Riachtanais Speisialta a Fhógairt:

2.1 Ní mór post mar chúntóir um riachtanais speisialta a fhógairt ar nuachtán áitiúil. Déanfaidh an fógra iarratais a éileamh ó dhaoine incháilithe le cur i láthair faoi dháta ar leith chuig Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.

2.2 Ach na eisceachtaí atá ceadaithe ag Achtanna um Chothroime Fostaíochta 1998 agus 2004 san áireamh, ní féidir leis an bhfógra leatrom a chur in iúl ná faisnéis a bheith faoi iamh i bhfoirm ar bith a bhféadfaí a tharraingt as go mbeadh leatrom de shaghas ar bith i gceist ann.

3. Na mionsonraí nach mór a bheith faoi iamh sa bhfógra:

i. Ainm agus seoladh na scoile.
ii. Dáta tosaithe an phoist.
iii. An post a bheith lánaimseartha nó páirtaimseartha a lua mar aon le líon na n-uaireanta an chloig páirtaimseartha.
iv. Cur síos ginearálta ar dhualgais an phoist.
v. An dáta is déanaí le haghaidh an iarratais a bheith curtha ar ais.
vi. Luaigh gur gá curriculum vitae a bheith curtha i láthair leis an iarratas.
vii. Luaigh go bhfuil teastais nó ainmneacha agus seolta réiteoirí de dhíth.
viii. Luaigh go bhféadfai liosta d'iarrthóirí oiriúnacha a chur le chéile as a ndéanfar folúntais sa todhchaí a líonadh (an liosta a bheith bailí le haghaidh fhadtréimhse na scoilbhliana).

4. An Bord Roghnaithe le haghaidh Cúntóirí um Riachtanais Speisialta a Cheapadh:

4.1 Beidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, Príomhoide na scoile agus duine amháin eile a bheidh ainmnithe ag an bPátrún mar bhaill den Bhord Roghnaithe.

4.2 Ní mór fear amháin agus bean amháin ar a laghad a bheith ar an mBord Roghnaithe

4.3 Má tharlaíonn go mbeidh gaol idir ball ar bith den Bhord roghnaithe, an Cathaoirleach san áireamh, agus duine a bheidh ina (h)iarrthóir le haghaidh fostaíochta sa scoil, caithfidh an ball sin tarraingt siar ón mBord Roghnaithe agus ainmneoidh an Pátrún Cathaoirleach eile nó ball ina (h)ionad.

5. Feidhmeanna an Bhoird Roghnaithe:

5.1 Roimh dul i mbun oibre maidir leis na hiarrthóirí a agallamh, déanfaidh an Bord Roghnaithe na critéir, maidir leis an hiarrthóirí a mheas, a scríobh síos. Cuirfear san áireamh sa scríbhneoireacht sin an reachtaíocht iomchuí mar aon le riachtanais an phoist. Na critéir bhunaithe den Bhord, cuirfidh siad san áireamh an hAchtanna um Chothroime Fostaíochta 1998 agus 2004 agus an Cód Cleachtais den Údarás Cothroime.

5.2 Tiocfaidh an Bord Roghnaithe le chéile laistigh de thréimhse réasúnta tar éis an dáta scoir do na h-iarratais a bheith istigh chun na hiarratasóirí a nglaofar chun agallaimh a chinneadh.

5.3 Coinneoidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnaithe taifead de na critéir a baineadh úsáid astu.

6. Na hAgallaimh:

6.1 Cé go bhféadfadh an Bord Roghnaithe an líon d'iarratasóirí a ghlaofaidh siad chun agallaimh a theorannú, caithfear íoslíon de thriúr iarratasóir incháilithe a ghlaoch. Má tharlaíonn an líon a bheith níos lú ná triúr don phost, caithfear gach duine díobh a ghlaoch don agallamh.

6.2 Ní mór don Bhord Roghnaithe cloí leis na critéir chomhaontaithe i gcás na n-iarratasóirí a mheas.

6.3 Coinneoidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnaithe taifead de na critéir chomhaontaithe mar aon leis an modh marcála a baineadh úsáid as chun na hiarratasóiri agus na hagallaimh a mheas.

6.4 Agus na hiarratasóiri faoi agallamh, caithfear a bheith aireach gan ceisteanna ná tráchtais ná ráitis a fheidhmiú go bhféadfai tarraingt astu go mbeidh leatrom i gceist. e.g. i gcás inscne nó stádas pósta.

7. An tIarratasóir Rathúil a Cheapadh:

7.1 Meabhrítear do scoileanna gurb é an t-ioscháilíocht a bheidh riachtanach le haghaidh ceapacháin mar Chúntóir um Riachtanais Speisialta ná Grád D (nó pas) sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic sa Mheánteistiméireacht / sa Teastas Sóisearach nó sa Scrúdú um Theastas um Ghairmiúil Lae nó i scrúdú a bheidh ar chomhchaighdeán leo.

7.2 Agus a leithéid d'iarratasóirí a bhí i láthair a bheith curtha faoi agallamh, cuirfidh an Bord Roghnaithe tuairisc scríofa i láthair an Bhoird Bhainistíochta agus ainmneofar sa tuairisc sin

a) an t-iarratasóir is fearr a cheaptar a bheith oiriúnach don cheapachán agus

b) liosta d'iarrthóirí in ord fiúntais a bheadh oiriúnach mar ábhar ceapacháin do phoist ar bith sa bhreis a tharlódh sa scoil le linn na scoilbhliana.

7.3 Tiocfaidh an Bord Bainistíochta le chéile agus déanfar an t-iarrthóir, a bheidh ainmnithe ag an mBord Roghnaithe, a cheapadh mura mbeadh cúis mhaith agus leordhóthain ann gan a leithéid a dhéanamh. Sa chás sin déanfar an gnó a chur i láthair an Phátrúin agus glacfaidh an Bord lena chinneadh sa ghnó sin.

7.4 Coinneoidh an Bord Bainistíochta, freisin, an liosta d'iarrthóiri a cheapfar a bheith oiriúnach le haghaidh ceapacháin. Beidh an liosta sin éifeachtach le linn na scoilbhliana i gceist maidir leis na ceapacháin do phoist mar Chúntóirí um Riachtanais Speisialta d'fhéadfadh tarlú sa scoil.

7.5 Má tharlaíonn go rachaidh beirt Chúntóir um Riachtanais Speisialta i mbun oibre don chéad uair ar an lá céanna, déanfaidh an Bord Bainistíochta an t-ord sinsearachta a chinneadh trí thagairt a dhéanamh don ord ina raibh na Cúntóirí um Riachtanais Speisialta ar an liosta de thoradh phróiseas an agallaimh i.e. ba chóir an meastachán sinsearach is airde a thabhairt don Chúntóir um Riachtanais Speisialta a bhí níos airde san ord tar éis phróiseas an agallaimh. Ar mhiste tagairt a dhéanamh don **Imlitir 0059/2006 – Sinsearacht na gCúntóirí um Riachtanais Speisialta** atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie faoi Education Personnel/Special Needs Assistants.

8. Teastas Leighis:

8.1 Gheobhaidh an Bord teastas um infheidhmeacht leighis ón iarrthóir rathúil roimh a c(h)eapachán, a dheimhneoidh go bhfuil an t-iarrthóir infheidhmeach chun dul i mbun dualgais an phoist. Ta foirm faoi iamh ag deireadh na cáipéise seo mar eiseamláir.

8.2 Cé go ndéanfar an dochtúir a ainmniú ag an mBord Bainistíochta, beidh ar an iarrthóir rathúil íoc as pé costas a bheidh i gceist.

9. Teastais:

9.1 Déanfaidh an Bord Bainistíochta teastais an iarrthóra rathúil a sheiceáil roimh scéala a thabhairt dó/di.

10. Iniúchadh:

10.1 Beidh an Bord Bainistíochta freagrach as a dheimhniú go bhfuil iniúchadh déanta ar cheapaí nua ar bith, a bheidh beartaithe, mar Chúntóir um Riachtanas Speisialta. Deimhneoidh údaráis scoileanna, áfach, nach ndéanfar iniúchadh ar dhuine ach amháin sa chás go bhfuil sé beartaithe ag an mBord thairiscint fostaíochta a dhéanamh don duine sin. Ní cóir iarratais a éileamh roimh chinneadh a bheith déanta ceapachán a thairiscint.

10.2 Ar mhiste tagairt a dhéanamh don Imlitir 0094/2006 – 'Eagair nua chun an fhoireann teagaisc agus neamhtheagaisc a iniúchadh' atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie faoi Education Personnel/Special Needs Assistants.

11. Conarthaí Fostaíochta:

11.1 Caithfear conradh fostaíochta a thairiscint do cheapaithe nua de réir na dtéarmaí mar a bhfuil siad léirithe san Imlitir SNA 15/05 – 'Conradh Fostaíochta le haghaidh Cúntóirí um Riachtanais Speisialta' atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie faoi Education Personnel/Special Needs Assistants.

12. An ceapachán a chur in iúl don Roinn Oideachais agus Eolaíochta:

12.1 Agus próiseas na gceapachán a bheith comhlánaithe, mar a bhfuil sé léirithe thuas, déanfaidh na Boird Bhainistíochta an fhoirm "Ceapachán a Chur in Iúl – Cúntóir um Riachtanais Speisialta" a chomhlánú agus a chur i láthair. Tá an fhoirm ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie faoi Education Personnel/Special Needs Assistants, chuig:

Párolla don bhFoireann Neamhtheagaisc,
An Roinn Párolla,
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta,
Cor na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.

13. Fiosrúcháin

Má bhíonn ceist ar bith maidir leis an Imlitir seo, ar mhiste an cheist a chur tríd an rphost chuig sna_pay@education.gov.ie nó ar an teileafón 090 648 4136.

Teastas infheidhmeachta chun dul i mbun fostaíochta mar Chúntóir um Riachtanais Speisialta

Le comhlánú ag an Dochtúir a bheidh ainmnithe ag an mBord Bainistíochta

Sloinne: _____

Céad ainm: _____

Deimhním go bhfuil scrúdú déanta agam ar an nduine, thuasluaite, agus tá mé sásta go bhfuil an duine sin infheidhmeach chun dul i mbun a c(h)uid dualgas mar Chúntóir um Riachtanais Speisialta

Sínithe: _____

Dáta: _____

Stampa nó Séala

Aguisín F

Dearbhú an Phátrúin

Contae: _____

Uimh. Rolla: _____

Ainm agus Seoladh na Scoile: _____

_____

Dearbhaím go bhfuil _____
ceaptha agam mar Chathaoirleach de Bhord Bainistíochta na scoile thuasluaithe

le héifeacht ó _____
(Dáta)

Dearbhaím, freisin, go bhfuil gach aon bhall den Bhord ceaptha agus go bhfuil an Bord Bainistíochta curtha ar bun de réir na riachtanais mar a bhfuil siad léirithe i mBunreacht na mBord agus sna Rialacha Imeachta agus san Acht Oideachais 1998.

Sínithe: _____ **(Síniú an Phátrúin)**

Dáta: _____

Ar mhiste a shonrú i gcás athrú ar an bpost mar Chathaoirleach an Bhoird, go gcaithfidh an Pátrún a leithéid a chur in iúl don Aire Oideachais agus Eolaíochta chomh luath is a bheidh an folúntas líonta aige/aice.

A SHONRÚ: Ba chóir cóip den fhoirm seo a chomhlánú agus a chasadh ar Riarachán Bunoideachais 2, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.